**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0439/2023**

15.12.2023

*****I**
# TUARASCÁIL

maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle
(COM(2023)0240 – C9-0150/2023 – 2023/0138(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Esther de Lange, Margarida Marques

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Gabriele Bischoff, an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................4

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA .....44

ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEURS HAVE RECEIVED INPUT ..................................................................................................................71

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ......................................................................73

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........74

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (COM(2023)0240 – C9-0150/2023 – 2023/0138(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0240),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 121(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0150/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Iúil 2023[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 21 Meán Fómhair 2023[2],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 10 Deireadh Fómhair 2023[3],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0439/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C 290, 18.8.2023, lch. 17.
[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
[3] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA[*]

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

2023/0138 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(6) de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach (fonóta)

ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

de bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Béarfaidh comhordú bheartais eacnamaíocha na mBallstát laistigh den Aontas, mar a fhoráiltear dó leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), comhlíonadh na dtreoirphrionsabal arb iad praghsanna cobhsaí, airgeadas poiblí fónta agus dálaí airgeadaíochta fónta, agus comhardú inbhuanaithe na n-íocaíochtaí.

(2) Tá an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF), ina raibh Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[4], Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997[5] agus an Rún ón gComhairle Eorpach an 17 Meitheamh 1997 maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis[6], bunaithe ar chuspóir an airgeadais rialtais fhónta agus inbhuanaithe mar mhodh chun na

---

[*] Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌.

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6).

[6] Rún ón gComhairle Eorpach maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis Amstardam, 17 Meitheamh 1997 (IO C 236, 2.8.1997, lch. 1).

dálaí a neartú a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna agus le fás inbhuanaithe láidir a bhfuil cobhsaíocht airgeadais mar bhonn taca leis, agus ar an gcaoi sin tacú le cuspóirí an Aontais maidir le fás atá inbhuanaithe agus cuimsitheach, fostaíocht ***ardcháilíochta agus iomaíochas*** a ghnóthú.

(3) Is cuid den Seimeastar Eorpach é an creat rialachais fhioscaigh, atá ina ábhar den Rialachán seo, a chuimsíonn freisin comhordú agus faireachas ar bheartais eacnamaíocha, fostaíochta níos leithne ***agus ar*** bheartais ***shóisialta ábhartha*** na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 121 agus le hAirteagal 148 CFAE***, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus na moltaí gaolmhara tírshonracha***.

(4) Tá rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile sa Seimeastar Eorpach ríthábhachtach chun úinéireacht agus ceapadh beartais atá trédhearcach agus cuimsitheach a áirithiú.

(5) Ba cheart creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a oiriúnú chun ilchineálacht mhéadaithe na riochtaí fioscacha, na ndúshlán fiachais phoiblí agus leochaileachtaí eile ar fud na mBallstát a chur san áireamh níos fearr. Bhí an fhreagairt láidir bheartais ar an bpaindéim COVID-19 an-éifeachtach maidir le dochar eacnamaíoch agus sóisialta na géarchéime a mhaolú, ach tháinig méadú suntasach ar chóimheasa fiachais sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí mar thoradh ar an ngéarchéim, rud a léirigh an tábhacht a bhaineann le cóimheasa fiachais a laghdú go dtí leibhéil stuama ar bhealach marthanach lena gcothófaí an fás de réir a chéile agus aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus aird chuí á tabhairt ar chuspóirí fostaíochta agus sóisialta. An tráth céanna, ba cheart creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a oiriúnú chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha atá roimh an Aontas, lena n-áirítear aistriú cothrom digiteach agus glas a bhaint amach, an Dlí Aeráide san áireamh[7], slándáil fuinnimh a áirithiú, neamhspleáchas straitéiseach oscailte, aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach, athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a neartú, agus an compás straitéiseach um shlándáil agus cosaint a chur chun feidhme, a bhfuil gá ag gach ceann acu le hathchóirithe agus ardleibhéil seasmhacha infheistíochta sna blianta amach romhainn.

(6) I gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais ba cheart inbhuanaitheacht fiachais***, infheistíochtaí agus athchóirithe, tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais*** agus fás ***agus athléimneacht*** inbhuanaithe agus chuimsitheach a chur ag a lár agus dá bhrí sin idirdhealú a dhéanamh idir Ballstáit trína ndúshláin fiachais phoiblí a chur san áireamh agus conairí fioscacha tírshonracha a cheadú***, agus comhsheasmhacht a áirithiú laistigh den Aontas ina iomláine, lena n-áirítear an limistéar euro***.

***(6a) Is gá ardleibhéal infheistíochta poiblí a choinneáil chun príomhchuspóirí an athchóirithe ar an gcreat rialachais eacnamaíoch a bhaint amach mar a leagtar síos sa Rialachán seo agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí reatha an Aontais agus ar thosaíochtaí a bheidh ann amach anseo. D'fhéadfaí an creat sin a neartú le hionstraim chomhinfheistíochta ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfadh na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme ionstraimí amhail SURE nó NGEU a bheith ina spreagadh d'ionstraimí a bheidh ann amach anseo arb é is aidhm dóibh tacú leis an gcreat rialachais fhioscaigh.***

(7) Leis an nós imeachta faireachais iltaobhaigh a leagtar amach in Airteagal 121(2), (3) agus (4) agus in Airteagal 148(4) CFAE ba cheart faireachán a dhéanamh i gcomhréir le rialacha níos mionsonraithe ar raon iomlán na bhforbairtí eacnamaíocha agus fostaíochta i ngach ceann de na Ballstáit agus san Aontas. Áirítear leis sin míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhrath

[7] Socraítear leis an Dlí Aeráide Eorpach cuspóir aeráidneodrachta ar fud an Aontais faoi 2050 agus ceanglaítear ar institiúidí an Aontais agus Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh maidir le hacmhainneacht oiriúnúcháin a fheabhsú, ar gá infheistíocht shuntasach phoiblí chun tionchair dhiúltacha shocheacnamaíocha an athraithe aeráide a laghdú ar an Aontas agus a mBallstáit, lena n-áirítear tionchair dhiúltacha maidir le fás agus inbhuanaitheacht fhioscach.

agus míchothromaíochtaí iomarcacha a chosc agus a cheartú mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011[8] agus (AE) Uimh. 1176/2011[9] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus fostaíochta den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a chur isteach i bhfoirm pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha.

***(7a)*** ***De bhun Airteagal 148(4) CFAE, déanann an Coimisiún, laistigh den Chreat um Chóineasú Sóisialta, rioscaí do chóineasú aníos do na Ballstáit a shainaithint sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus ina dhiaidh sin foilsíonn sé 'Tuarascálacha um Chóineasú Sóisialta' do na Ballstáit sin a shainaithin sé a bheith i mbaol ó thaobh an chóineasaithe shóisialta aníos de. Le conclúidí tírshonracha na ngníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh, ba cheart go gcuirfí le moltaí tírshonracha an Choimisiúin.***

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le hinneachar, cur isteach, measúnú agus faireachán na bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta, chun inbhuanaitheacht fiachais, ***infheistíochtaí agus athchóirithe, tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais*** agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit agus cosc a chur ar easnaimh rialtais iomarcacha trí phleanáil mheántéarmach.

(9) Sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta ba cheart na hathchóirithe fioscacha agus struchtúrtha agus na gealltanais infheistíochta atá ag gach Ballstát a thabhairt le chéile agus ba cheart na pleananna sin a bheith ina mbunchloch le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais. Ba cheart do gach Ballstát plean meántéarmach a chur isteach ina leagtar amach a chonair ghlanchaiteachais chomh maith le gealltanais infheistíochta phoiblí agus athchóirithe tosaíochta lena n-áirithítear le chéile laghdú marthanach de réir a chéile ar fhiach agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, lena seachnaítear beartas fioscach comh-thimthriallach, chomh maith le gealltanais athchóirithe agus infheistíochta níos leithne, lena n-áirítear i ndáil leis an ***gComhaontú Glas don Eoraip***,▌ Colún Eorpach na gCeart Sóisialta***, Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach, agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint***. ***Ba cheart measúnú a dhéanamh sna pleananna náisiúnta freisin ar na bearnaí infheistíochta poiblí, go háirithe chun na tosaíochtaí coiteanna sin de chuid an Aontais a bhaint amach.*** Le linn shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[10], ba cheart na gealltanais a rinneadh sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta náisiúnta a chur san áireamh go cuí.

(10) Déantar cistí beartais chomhtháthaithe a shioncrónú freisin le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Mar bheartas infheistíochta fadtéarmach bhuiséad an Aontais, ba cheart infheistíochtaí agus athchóirithe sa bheartas comhtháthaithe a chur san áireamh go cuí freisin agus na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta á dtarraingt suas. Ba cheart do gach Ballstát a mhíniú freisin conas a áiritheoidh a phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta comhsheasmhacht ***agus, i gcás inarb iomchuí, comhlántacht,*** agus an caiteachas ar chláir de chuid an Aontais á mheaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais agus leis an gcómhaoiniú náisiúnta ábhartha.

(11) Sula gcuirtear isteach an plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta, ba cheart idirphlé teicniúil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun comhlíontacht fhorálacha an Rialacháin seo a áirithiú***, chomh maith le cóir chomhionann na mBallstát***. ***Ba cheart an t-idirphlé teicniúil a dhoiciméadú i gceart chun críche trédhearcachta agus cuntasachta i leith Pharlaimint na***

---

[8] Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 8).

[9] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

[10] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

***hEorpa.*** Ar bhonn moladh ón gCoimisiún ***lena ngabhann tuairim ón mBord Fioscach Eorpach (EFB) ar ghné an Aontais agus an bhuntuairim ón an institiúid fhioscach neamhspleách náisiúnta ar phlean an Bhallstáit lena mbaineann***, ba cheart don Chomhairle an chonair ghlanchaiteachais a shocrú agus na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a fhormhuiniú, lena n-áirítear na gealltanais a glacadh chun an tréimhse choigeartaithe a fhadú, de réir mar is iomchuí.

(12) D'fhonn creat fioscach an Aontais a shimpliú agus trédhearcacht a mhéadú, ba cheart táscaire oibriúcháin aonair a bheadh bunaithe ar inbhuanaitheacht fiachais a bheith mar bhonn leis an gconair fhioscach a leagan amach agus le faireachas fioscach bliantúil a dhéanamh do gach Ballstát. Ba cheart an táscaire oibríochtúil aonair sin a bheith bunaithe ar phríomhchaiteachas glan maoinithe go náisiúnta, is é sin le rá caiteachas ***rialtais*** atá glan ar ***chaiteachas úis,*** caiteachas atá glan ar bhearta ioncaim lán-roghnaigh, caiteachas ar chláir an Aontais meaitseáilte go hiomlán le hioncam ó chistí ***an Aontais***, ▌***caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas a bhfuil uasteorainn 0.25% de OTI leis, gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus costais a bhaineann le cistí a fháil ar iasacht le haghaidh iasachtaí a bhaineann leis na Pleananna náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta***. Cumasaítear leis an táscaire seo cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch toisc nach ndéantar difear dó le cobhsaitheoirí uathoibríocha a oibriú, lena n-áirítear luaineachtaí ioncaim agus caiteachais nach bhfuil faoi rialú díreach an rialtais.

(13) Chun ***tús a chur*** le ***hullmhú*** pleananna fioscacha struchtúracha meántéarmacha ***náisiúnta***, ***ba cheart don Choimisiún an creat bunúsach meántéarmach maidir le réamh-mheastachán fiachais phoiblí a sholáthar bunaithe ar an modheolaíocht anailíse ar inbhuanaitheacht fiachais agus ar réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha do gach Ballstát***. ***I gcás na mBallstát a bhfuil fiachas poiblí acu atá os cionn luach tagartha 60 % de OTI nó easnamh rialtais atá os cionn 3 % de luach tagartha OTI,*** ba cheart ***conair thagartha a*** chur ar aghaidh ***chun*** an coigeartú fioscach íosta ***a shonrú*** lena dtabharfar conair fiachais an Bhallstáit ar bhealach sochreidte anuas ***as a dtiocfaidh laghdú inbhuanaithe fiachais*** nó lena gcoinneofar an fiachas ar leibhéal stuama. ▌Ba cheart inbhuanaitheacht an laghdaithe fiachais sin a bheith mar thoradh ar bheartais fhioscacha iomchuí.

***(13a) Chun an chonair thagartha a ullmhú, ba cheart don Choimisiún agus don Bhallstát lena mbaineann idirphlé a bheith acu chun measúnú a dhéanamh ar fhorálacha an Rialacháin seo a bheith á gcomhlíonadh ag an gconair. Mar chuid den idirphlé sin, féadfaidh an Ballstát a chinneadh togra le haghaidh conaire a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Más rud é, mar thoradh ar an idirphlé, nach n-aontaíonn an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann i dtaobh an gcomhlíonann an togra le haghaidh conair thagartha forálacha an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún conair thagartha a chur ar aghaidh lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.***

(14) Leis an gconair ***thagartha*** ▌ba cheart a áirithiú freisin go dtabharfar agus go gcoinnítear an t-easnamh rialtais faoi bhun 3% de luach tagartha na holltáirgeachta intíre (OTI). ***Ba cheart dó a áirithiú go gcobhsaítear an cóimheas fiachais phoiblí thar an tréimhse choigeartúcháin agus go laghdaítear gach bliain thar an tréimhse réamh-mheasta é pointe céatadáin amháin ar a laghad den chóimheas idir an fiachas agus OTI i gcás na mBallstát ag a bhfuil cóimheas fiachais-OTI níos mó ná 90% agus leathphointe céatadáin ar a laghad i gcás na mBallstát ag a bhfuil cóimheas fiachais-OTI idir 60% agus 90%.***

(15) Chun a mheasúnú an bhfuil gá le tuilleadh coigeartuithe i dtreo dheireadh na tréimhse ceithre bliana cur chun feidhme den phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta, ba cheart ***conair thagartha nua a*** chur ar aghaidh ▌ má tá fiachas poiblí an Bhallstáit fós os cionn 60 % de luach tagartha OTI nó má tá a easnamh rialtais níos airde ná 3% de luach tagartha OTI.

(16) ***Sula dtíolactar an plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta, ba cheart do gach Ballstát dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear údaráis réigiúnacha,***

***agus toradh an chomhairliúcháin sin a chur i gceangal leis an bplean.*** Ba cheart do gach plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta a stádas a lua ***freisin*** i gcomhthéacs nósanna imeachta náisiúnta, go háirithe cé acu ▌ ar fhormheas nó nár fhormheas an pharlaimint an plean ***agus, más infheidhme,*** cé acu an raibh nó nach raibh deis ag an bparlaimint náisiúnta an moladh ón gComhairle maidir leis an bplean roimhe sin agus▌ aon mholadh nó cinneadh eile ón gComhairle, nó aon rabhadh ón gCoimisiún a phlé.

***(16a)*** ***Féadfaidh rialtas nua i mBallstát plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta nua nó athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Má tá imthosca oibiachtúla ann, áfach, lena gcuirtear cosc ar chur chun feidhme an phlean, féadfaidh Ballstát a iarraidh plean athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh dheireadh an phlean reatha. Níor cheart, le plean náisiúnta meántéarmach nua nó athbhreithnithe maidir le struchtúr fioscach, go ndéanfaí iarracht na hinfheistíochtaí atá sa phlean bunaidh a aisiompú nó a bhaint ach amháin mura mbeidh costais bhreise nach bhfuil bonn cirt leo don Bhallstát mar thoradh ar a mbaint.***

(17) Nuair a úsáideann na Ballstáit toimhdí ina g***conair thagartha*** atá éagsúil le creat caighdeánach réamh-mheastacháin fiachais meántéarmach an Choimisiúin ***agus an réamhfhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus na toimhdí***, ba cheart dóibh na difríochtaí a mhíniú agus údar cuí a thabhairt leo ar bhealach trédhearcach agus bunaithe ar argóintí eacnamaíocha fónta***, san idirphlé leis an gCoimisiún maidir leis an gconair thagartha***.

(18) Ós rud é go bhféadfadh costais bhreise a bheith ar na Ballstáit ag deireadh a bplean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh amhail costais aosaithe nó difreálach neamhfhabhrach maidir le fás úis, ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh comhardú ceannlíne ag deireadh na tréimhse coigeartaithe leordhóthanach chun a áirithiú go bhfanfaidh an t-easnamh go buan faoi bhun an 3 % de luach tagartha OTI.

(19) Chun idirghníomhú cuí a cheadú idir creat comhchoiteann an Aontais agus na creataí buiséadacha náisiúnta, níor cheart don Choimisiún a mheasúnú a bhunú ach ar fhorbairtí ar ghlanchaiteachas príomhúil arna maoiniú go náisiúnta. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a gcuspóirí buiséadacha náisiúnta a shocrú i dtéarmaí táscaire difriúil, amhail an comhardú struchtúrtha má cheanglaíonn a gcreat buiséadach náisiúnta é sin.

▌

(21) Chun cur chun feidhme na bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha a áirithiú, ba cheart don Choimisiún agus don Chomhairle faireachán a dhéanamh ar na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a dhéantar sna pleananna sin faoin Seimeastar Eorpach, bunaithe ar na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a chuir na Ballstáit isteach, agus i gcomhréir le forálacha Airteagail 121 agus 148 CFAE. Chuige sin, ba cheart dóibh dul i mbun idirphlé i leith an tSeimeastair Eorpaigh le Parlaimint na hEorpa ***agus idirphlé meántéarmach maidir leis an bplean fioscach struchtúrach le coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa***. ***Ba cheart don Choimisiún gnéithe a eascraíonn as na tuairimí a cuireadh in iúl trí na hidirphléití sin a chur san áireamh***.

***(21a)*** ***Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach go cuí ar bhealach rialta agus struchtúrtha sa Seimeastar Eorpach. Ba cheart don Chomhairle agus don Choimisiún tuairisciú go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus torthaí an fhaireachais iltaobhaigh arna dhéanamh de bhun an Rialacháin seo a áireamh ina dtuarascálacha. Chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún, faoi réir socruithe iomchuí rúndachta i gcás inar gá, doiciméid agus faisnéis ábhartha a tharchur go comhuaineach agus ar théarmaí comhionanna chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, amhail na pleananna meántéarmacha struchtúr fioscach arna dtíolacadh ag na Ballstáit agus an chonair ghlanchaiteachais atá beartaithe, na measúnuithe ar inbhuanaitheacht fiachais agus***

***forléargas ar réamhthorthaí an Choimisiúin maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme na bpleananna.***

(22) Chun laghdú fiachais de réir a chéile a áirithiú, féadfar an tréimhse choigeartaithe a fhadú 3 bliana ar a mhéad má chuireann an Ballstát bonn taca faoina phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach le sraith athchóirithe agus infheistíochtaí infhíoraithe agus faoi cheangal ama a dhéanann na nithe seo a leanas nuair a chuirtear le chéile iad ***mar riail***: an fás ***agus an athléimneacht*** a fheabhsú, tacú leis an inbhuanaitheacht fhioscach, aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais, aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha ábhartha arna ndíriú ar na Ballstáit faoin Seimeastar Eorpach, agus aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí infheistíochta a bhaineann go sonrach le tír faoi leith ▌. ***Má tá údar cuí leis, féadfar cead a thabhairt do Bhallstát aghaidh a thabhairt ar roinnt de na critéir sin, ach ní leo ar fad, maidir lena shraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.***

(23) D’fhonn próiseas cothrom agus trédhearcach a áirithiú, ba cheart na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a mheasúnú trí úsáid a bhaint as creat comhchoiteann de chuid an Aontais. Le linn shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, ***ba cheart*** na gealltanais a tugadh sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta náisiúnta ***a bheith comhsheasmhach lesraith na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí*** ar an tréimhse choigeartaithe a mhéadú, i gcás inarb infheidhme. Ba cheart na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh thréimhse an bhealaigh fhioscaigh a bheith ar cóimhéid le méid na ndúshlán a bhaineann don fhiachas poiblí mar a suíodh sa Mhonatóir Inbhuanaitheacht Fiachais ba dhéanaí a tugadh cothrom le dáta agus ar cóimhéid leis na dúshláin a bhaineann don fhás meántéarmach sa Bhallstát***, lena n-áirítear dúshláin dhéimeagrafacha***. Maidir leis na Ballstáit ina bhfuil dúshláin a bhaineann don fhiachas poiblí nasctha le dúshláin mhóra atá roimh fhás meántéarmach, tá coinne leis go dtabharfar aghaidh, leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí, ar na bacainní ar fhás meántéarmach freisin.

(24) Ba cheart do na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a cuireadh ar aghaidh sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta ***rannchuidiú go gníomhach*** le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. ***Ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar an ranníocaíocht sin agus measúnú á dhéanamh aige ar an gconair ghlan chaiteachais atá molta ag an mBallstát***. Ba cheart an tsraith sin de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta a bheith comhsheasmhach freisin le cur chun feidhme na straitéisí náisiúnta arna gcur chun cinn ag an mBallstát lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí ábhartha an Aontais, ***agus leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta***, le linn shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, ***agus le haon ionstraim infheistíochta de chuid an Aontais lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais nó a bhfuil an cuspóir céanna leo leis an tSaoráid*** Téarnaimh agus Athléimneachta.

(25) I gcás nach gcomhlíontar na gealltanais infhíoraithe athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoin mbealach glanchaiteachais níos grádaithe laistigh den sprioc-am sonraithe, féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, a mholadh go ndéanfaí an coigeartú sin a ghéarú, is é sin le rá trí shíneadh na conaire glanchaiteachais a ghiorrú.

(26) Chun bonn a chur faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmithe, go háirithe faoi thuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE, ba cheart don Choimisiún cuntas rialaithe a bhunú do gach Ballstát chun rian a choinneáil ar dhialltaí bliantúla an ghlanchaiteachais a thugtar faoi deara sa Bhallstát, ar dialltaí ón gconair ghlanchaiteachais iad arna leagan síos ag an gComhairle, chun na dialltaí sin a shuimeáil le himeacht ama. ***Ba cheart a mheas nach gcomhlíonann Ballstát a chonair ghlanchaiteachais i gcás ina bhfuil iarmhéid carntha an chuntais rialaithe le linn na tréimhse coigeartaithe níos airde ná [X% den OTI] sna blianta ina raibh fás dearfach OTI. I gcás infheistíochtaí straitéiseacha áirithe lena dtugtar aghaidh ar chomhthosaíochtaí an Aontais, agus a bhfuil breisluach acu don Aontas ina iomláine, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a cheadú, ar bhonn eisceachtúil, do na Ballstáit an luach tagartha sa chuntas rialaithe***

***a shárú, mar shampla i gcásanna eisceachtúla ina dtagann méadú ar chostais infheistíochta de bharr imthosca gan choinne nó i gcás ina dtagann gá le hinfheistíochtaí straitéiseacha breise a dhéanamh le linn na tréimhse coigeartaithe. Féadfaidh an Coimisiún aon imeacht ón luach tagartha a dheonú ar feadh tréimhse suas le 5 bliana in aghaidh an iarratais.***

***(26a) Ba cheart scórchlár tiomnaithe a bhunú trí bhíthin gníomh tarmligthe chun an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme phleananna meántéarmacha struchtúracha fioscacha na mBallstát a léiriú. Ba cheart an scórchlár a bheith ag feidhmiú faoi mhí an Mheithimh 2024 agus ba cheart don Choimisiún é a nuashonrú faoi dhó sa bhliain.***

(27) Is léir an inniúlacht atá ag institiúidí fioscacha neamhspleácha smacht fioscach a chothú agus creidiúnacht airgeadas poiblí na mBallstát a neartú. D'fhonn úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ba cheart an ról atá ag institiúidí fioscacha neamhspleácha, ar tugadh sainordú dóibh go traidisiúnta faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an gcreat náisiúnta, a leathnú chuig creat rialachais eacnamaíoch an Aontais.

***(27a) Ba cheart go mbunóidh an Coimisiún an Bord Fioscach Eorpach (EFB), mar shainghrúpa neamhspleách, chun comhairle a thabhairt maidir le comhordú bheartas eacnamaíoch an Aontais.***

(28) Agus tuairim á tabhairt uaidh ag an gCoimisiún maidir leis na dréacht-phleananna buiséadacha arna gcur i láthair de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], ba cheart dó measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil na dréacht-phleananna buiséadacha i gcomhréir leis na conairí glanchaiteachais de bhun an Rialacháin sin.

(29) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na rioscaí suntasacha a bhaineann le dialltaí ag seasaimh bhuiséadacha ón gconair ghlanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle. Dá bhrí sin is iomchuí an nós imeachta faireachais iltaobhaigh a leagtar amach in Airteagal 121(3) agus (4) CFAE a chomhlánú le córas réamhrabhaidh trína gcuireann an Coimisiún Ballstát ar an eolas go luath de bhun Airteagal 121(4) CFAE go bhfuil gá leis an ngníomhaíocht bhuiséadach cheartaitheach a dhéanamh atá riachtanach chun bac a chur ar easnamh a rialtais féin a bheith iomarcach. Thairis sin, sa chás gur ann do thitim siar dhianseasmhach sa bhuiséad, ba cheart don Chomhairle an moladh dá cuid a atreisiú agus é a chur faoi bhráid an phobail.

(30) I gcás mór-shuaite don limistéar euro nó don Aontas ina iomláine, is gá clásal éalaithe ginearálta a bheith ann chun go mbeifear in ann plé le géar-shleabhcadh eacnamaíoch sa limistéar euro nó san Aontas ina iomláine trí ligean do dhiall ón gconair ghlanchaiteachais ar choinníoll nach gcuirtear inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma dá bharr sin.

(31) Ba cheart clásal éalaithe tírshonrach a bheith ann chun go mbeifear in ann diall ón gconair ghlanchaiteachais ar choinníoll nach gcuirfí inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i gcás imthosca eisceachtúla, amhail teagmhais eisginiúla dothuartha nárbh fhéidir a chosc agus a mbeadh gá le bearta fioscacha frith-thimthriallacha ina n-aghaidh, nach mbeadh smacht ag an mBallstát orthu, a mbeadh tionchar nach beag orthu ar airgeadas poiblí an Bhallstáit. Ba cheart méid an tsuaite fhoriomláin a tharlaíonn de thoradh an tionchair mhóir sin a bheith níos mó ná an raon 'is gnách'▌. Ba cheart ***an measúnú i dtaobh an bhfuil an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol i gcás chur i bhfeidhm na gclásal éalaithe ginearálta agus tírshonrach araon, a bheith bunaithe ar anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil ón gCoimisiún***. Tá spreagadh agus síneadh na gclásal éalaithe ginearálta agus tírshonrach faoi réir moladh ón gComhairle.

---

[11] Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireachán agus measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú (IO L 140, 27.5.2013, lch. 11).

(32) Is cuid de phacáiste é an Rialachán seo, in éineacht le Treoir [XXX ón gComhairle lena leasaítear 2011/85/AE] agus Rialachán [XXX ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle]. Le chéile, bunaítear leo creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe de chuid an Aontais a ionchorpraíonn i ndlí an Aontais substaint Theideal III ‘Comhshocrú Fioscach’ den Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (TSCG) san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta[12], i gcomhréir le hAirteagal 16 de. Trí thógáil ar an taithí le cur chun feidhme an TSCG ag na Ballstáit, coinnítear leis an bpacáiste treoirlíne mheántéarmach an Chomhshocraithe Fhioscaigh mar uirlis chun smacht buiséadach agus fás a spreagadh a bhaint amach. Áirítear gné neartaithe thírshonrach sa phacáiste a bhfuil mar aidhm aige úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin ról níos láidre le haghaidh Institiúidí Fioscacha Neamhspleácha, rud a tharraingíonn go bunúsach ar phrionsabail choiteanna an Chomhshocraithe Fhioscaigh arna mbeartú ag an gCoimisiún[13] i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de TSCG. Leagtar amach sa Rialachán seo an anailís ar chaiteachas atá glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha don mheasúnú foriomlán ar chomhlíontacht a cheanglaítear leis an gComhshocrú Fioscach. Sa Rialachán seo, mar atá i gcás an Chomhshocraithe Fhioscaigh, ní cheadaítear dialltaí sealadacha ón bplean meántéarmach ach in imthosca eisceachtúla. Mar atá sa Chomhshocrú Fioscach, i gcás dialltaí suntasacha ón bplean meántéarmach, ba cheart bearta a chur chun feidhme chun na dialltaí a cheartú ar feadh tréimhse ama shainithe. Déantar leis an bpacáiste faireachas fioscach agus nósanna imeachta forfheidhmithe a neartú chun an gealltanas a chur i gcrích maidir le hairgeadas poiblí atá fónta agus inbhuanaithe agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn. Coinnítear leis an athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch dá réir sin, na cuspóirí bunúsacha smachta bhuiséadaigh agus inbhuanaitheachta fiachais leagtha amach sa TSCG.

(33) Chun cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú agus faireachán iomchuí air a áirithiú freisin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis an méid seo a leanas: an fhaisnéis a bheidh le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha, an fhaisnéis a bheidh le soláthar ag na Ballstáit ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn, an ***mhodheolaíocht maidir le hanailís ar inbhuanaitheacht fiachais***, an mhodheolaíocht i leith measúnú a dhéanamh ar an inchreidteacht ***go bhfuil cóimheas réamh-mheasta an fhiachais phoiblí ar chonair anuas as a dtiocfaidh laghdú inbhuanaithe ar fhiachas nó go bhfuil sé ag fanacht ar leibhéal stuama, cur chun feidhme scórchláir*** agus an creat measúnaithe le haghaidh na ngealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe fhioscaigh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[14]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

***(33a) Ba cheart modheolaíocht le haghaidh anailís ar inbhuanaitheacht fiachais a ghlacadh trí bhíthin gníomh tarmligthe tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún tosca a shainaithint atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht an fhiachais. Don chéad bhliain ina gceanglaítear ar na Ballstáit a bpleananna meántéarmacha struchtúracha***

[12] Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 2 Márta 2012.

[13] Teachtaireacht COM(2012) 342 final ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2012 *Common principles on national fiscal correction mechanisms* [Prionsabail choiteanna maidir le sásraí ceartúcháin fioscacha náisiúnta].

[14] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

***fioscacha a thíolacadh, ba cheart gurb é an Monatóir ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2022 an bunús don chreat bunúsach meántéarmach réamh-mheasta fiachais phoiblí.***

(34) Ba cheart an faireachas iltaobhach a bheith bunaithe ar staidreamh ardcháilíochta agus neamhspleách arna dtáirgeadh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15],

*CAIBIDIL I*

*ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE*

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar amach sa Rialachán seo na rialacha lena n-áirithítear comhordú éifeachtach bheartais eacnamaíocha na mBallstát, a dtugtar tacaíocht leo, dá réir sin, do ghnóthú chuspóirí an Aontais i ndáil le fás, ***cáilíocht***, fostaíocht ***agus iomaíochas inbhuanaithe agus cuimsitheach*** a bhaint amach.

Leagtar síos ann rialacha mionsonraithe a bhaineann le hábhar, le cur isteach, le measúnú agus le faireachán i ndáil le pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta mar chuid d'fhaireachas buiséadach iltaobhach ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún***, le rannpháirtíocht ó Pharlaimint na hEorpa,*** ionas go gcuirfear inbhuanaitheacht fiachais***, infheistíochtaí agus athchóirithe, tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais,*** agus fás ***agus athléimneacht*** inbhuanaithe agus chuimsitheach chun cinn sna Ballstáit agus ***go*** gcuirfear bac ar chásanna d'easnaimh iomarcacha rialtais, trí phleanáil mheántéarmach a dhéanamh ***lena n-áirithítear comsheasmhach laistigh den Aontas, lena n-áirítear an limistéar euro***.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'moladh tírshonrach' an treoraíocht bhliantúil a thugann an Chomhairle do Bhallstát maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúrtha i gcomhréir le hAirteagail 121 agus 148 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

(2) ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, caiteachas atá glan ar bhearta ioncaim lán-roghnaigh, ***caiteachas ar chláir*** an ***Aontais arna mheaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas a bhfuil uasteorainn 0.25% de OTI leis, gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus costais a bhaineann le cistí a fháil ar iasacht le haghaidh na n-iasachtaí a bhaineann leis na Pleananna náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta***;

(3) ciallaíonn 'conair ***thagartha***' ***i gcás gach Ballstáit*** a bhfuil fiachas poiblí aige atá os cionn 60 % de luach tagartha na holltáirgeachta intíre (OTI) nó easnamh rialtais atá os cionn 3 % de luach tagartha OTI***, an chonair ghlan chaiteachais arna cur ar aghaidh ag an gCoimisiún,***

[15] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE ón gComhairle, Euratom lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

***tar éis do gach Ballstát lena mbaineann togra a thíolacadh ar bhonn roghnach agus tar éis an idirphlé dá dtagraítear in Airteagal 7(1a)***;

(4) ciallaíonn 'conair ghlanchaiteachais' an treo ilbhliantúil do ghlanchaiteachas an Bhallstáit a shocraíonn an Chomhairle;

(5) ciallaíonn 'pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta' an doiciméad ina bhfuil gealltanais fhioscacha, athchóirithe agus infheistíochta Ballstáit;

(6) ciallaíonn 'tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn' doiciméad Ballstáit ina dtuairiscítear ar chur chun feidhme ▌ an phlean fhioscaigh mheántéarmaigh náisiúnta, ***lena n-áirítear a ghlanchonair chaiteachais agus na gealltanais athchóiriúcháin agus infheistíochta***;

(7) ciallaíonn 'tréimhse choigeartaithe' an tréimhse ama a dtarlaíonn coigeartú fioscach an Bhallstáit lena linn, a gcumhdaítear léi tréimhse choigeartaithe íosta 4 bliana den phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta agus d'aon síneadh a d'fhéadfadh a bheith curtha leis;

(8) ciallaíonn 'cuntas rialaithe' taifead ar dhialltaí carntha glanchaiteachais iarbhír i mBallstát ón gconair ghlanchaiteachais;

(9) ciallaíonn 'comhardú struchtúrtha' comhardú ginearálta an rialtais arna choigeartú ar bhonn timthriallach agus glan ar bhearta sealadacha;

(10) ciallaíonn 'comhardú príomha struchtúrtha' comhardú ginearálta an rialtais arna choigeartú ar bhonn timthriallach glan ar bhearta sealadacha agus glan ar chaiteachas úis.

***(10a) ciallaíonn 'tréimhse réamh-mheasta' an tréimhse choigeartaithe móide 10 mbliana.***

*CAIBIDIL II*

*AN SEIMEASTAR EORPACH*

*Airteagal 3*

**An Seimeastar Eorpach**

Chun comhordú níos dlúithe i leith beartais eacnamaíocha ***agus*** beartais ***shóisialta ábhartha*** agus cóineasú marthanach i bhfeidhmíocht eacnamaíoch agus shóisialta na mBallstát a áirithiú, déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún***, le rannpháirtíocht ó Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 25a,*** faireachas iltaobhach laistigh den Seimeastar Eorpach i gcomhréir leis na cuspóirí agus ceanglais a leagtar amach in CFAE. Beidh an faireachas iltaobhach bunaithe ar staidreamh ardcháilíochta agus neamhspleách, arna dtáirgeadh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

***Chun a aidhm uileghabhálach a bhaint amach, comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha, shóisialta, bhuiséadacha agus struchtúracha a áirithiú agus chun críocha an mheasúnaithe fhoriomláin ar fheidhmíocht eacnamaíoch,*** áireofar ***sa*** Seimeastar Eorpach an méid seo a leanas:

(a) foirmiú chur chun feidhme na mór-threoirlínte le haghaidh bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais, agus an faireachas a dhéantar ar an gcur chun feidhme sin, i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE, foirmiú chur chun feidhme na moltaí tírshonracha agus an mholta maidir le beartas eacnamaíoch limistéar an euro agus an faireachas a dhéantar ar an gcur chun feidhme sin;

(b) foirmliú chur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta atá le cur san áireamh ag na Ballstáit, agus an faireachas a dhéantar ar an gcur chun feidhme sin, i gcomhréir le hAirteagal 148(2) CFAE, chomh maith le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ***agus a***

***phríomhspriocanna***, agus foirmliú chur chun feidhme na moltaí gaolmhara tírshonracha ***chomh maith leis an scórchlár sóisialta agus na príomhtháscairí agus na táscairí tánaisteacha a ghabhann leis, agus an Creat um Chóineasú Sóisialta chun rioscaí cóineasaithe shóisialta a chosc agus a shainaithint***;

(c) cur isteach, measúnú agus formhuiniú phleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha na mBallstát, chomh maith leis an bhfaireachán a dhéantar orthu trí na tuarascálacha ilbhliantúla ar dhul chun cinn;

(d) faireachas chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú de bhun Rialachán (AE) Uimh 1176/2011;

(e) nósanna imeachta faireachais iltaobhaigh eile arna mbunú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle de bhun Airteagal 121(6) CFAE.

*Airteagal 4*

**An Seimeastar Eorpach a Chur Chun Feidhme**

1. ***Nuair*** is gá, agus tar éis don mheasúnú a bheith déanta de bhun an Rialacháin seo ar na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha, ar na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus ar staideanna socheacnamaíocha na mBallstát lena mbaineann, cuirfidh an Chomhairle, ar bhonn moltaí ón gCoimisiún, moltaí faoi bhráid na mBallstát sin agus an leas is fearr is féidir á bhaint aici as na hionstraimí dlí a sholáthraítear in Airteagail 121 agus 148 CFAE agus as an reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar.

2. Cuirfidh na Ballstáit na mór-threoirlínte le haghaidh beartais eacnamaíocha na mBallstát, na treoirlínte fostaíochta agus na moltaí dá dtagraítear in Airteagal 3, an dara mír, pointí (a) agus (b) san áireamh go cuí sula ndéanfaidh siad aon phríomhchinntí i ndáil le forbairt a mbeartas eacnamaíoch, ***sóisialta,*** fostaíochta***, struchtúrach*** agus buiséadach. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn.

3. Má mhainníonn Ballstát gníomhú de réir na treorach arna fáil, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith mar thoradh air sin:

(a) breis moltaí tírshonracha;

(b) rabhadh ón gCoimisiún nó moladh ón gComhairle de bhun Airteagal 121(4) CFAE;

***(ba) moladh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE;***

(c) bearta faoin Rialachán seo, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97[16] ón gComhairle nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

*CAIBIDIL III*

*AN CHONAIR THEICNIÚIL*

*Airteagal 5*

**An chonair *thagartha***

Maidir le gach Ballstát a bhfuil fiachas poiblí aige atá os cionn 60% de luach tagartha OTI nó easnamh rialtais atá os cionn 3% de luach tagartha OTI, cuirfidh an Coimisiún conair ***thagartha*** ar aghaidh i dtuarascáil chuig ***Parlaimint na hEorpa agus*** chuig ***an gComhairle***. ***Chun an tuarascáil a ullmhú,***

[16] Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6).

***rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, maidir leis an gconair thagartha atá beartaithe aige, mar chuid den idirphlé dá dtagraítear in Airteagal 7(1a), agus cóir chothrom agus chomhionann na mBallstát uile á háirithiú ag an am céanna.***

***Socrófar an chonair thagartha i leibhéil an ghlanchaiteachais agus beidh sí bunaithe ar mhodheolaíocht na hanailíse ar inbhuanaitheacht an fhiachais dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (a), atá ar fáil go poiblí.***

***Leis an gconair thagartha, cumhdófar*** íostréimhse choigeartaithe 4 bliana den phlean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, agus an síneadh féideartha a d'fhéadfaí a chur leis ar feadh uastréimhse 3 bliana de bhun Airteagal 13. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil a phoibliú ***i gcomhréir le hAirteagal 9***.

*Airteagal 6*

## Ceanglais maidir leis an gconair *thagartha*

Áiritheofar sa chonair ***thagartha*** go ndéanfar an méid seo a leanas:

(a) cuirfear an cóimheas fiachais phoiblí ar threo síos atá inchreidte nó a bheidh inchreidte i gcónaí, ***as a dtiocfaidh laghdú inbhuanaithe ar fhiachas*** nó a fhanfaidh ar leibhéil stuama;

(b) cuirfear easnamh an rialtais faoi bhun 3% de luach tagartha OTI agus coinneofar ansin é;

(c) beidh an iarracht ar choigeartú fioscach le linn thréimhse an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta ar a laghad comhréireach leis an iarracht iomlán arna déanamh thar an tréimhse choigeartaithe fhoriomlán;

(d) ***cobhsaítear*** an cóimheas fiachais phoiblí ***thar an tréimhse choigeartaithe agus laghdaítear é gach bliain thar an tréimhse réamh-mheasta pointe céatadáin amháin ar a laghad den chóimheas idir an fiachas agus OTI i gcás na mBallstát ag a bhfuil cóimheas fiachais-OTI níos mó ná 90% agus leathphointe céatadáin ar a laghad i gcás na mBallstát ag a bhfuil cóimheas fiachais-OTI idir 60% agus 90%.***

▌

***Má tá easnamh rialtais Ballstáit os cionn 3% agus ag an am céanna, an fiachas poiblí faoi bhun 60 % de luach tagartha OTI , ní bheidh feidhm ag pointe (d).***

Ní mar a chéile a bheidh na conairí ***tagartha*** i gcás na mBallstát aonair. ▌ .

*Airteagal 7*

## *An nós imeachta um chonair thagartha*

1. ***Trí mhí ar a laghad roimh an dáta a*** chuirfidh na Ballstáit a bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha isteach ***den chéad uair agus mutatis mutandis ina dhiaidh sin***, ***soláthróidh*** an Coimisiún ***an fhaisnéis seo a leanas do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle:***

   (a) an creat ***tírshonrach*** réamh-mheastacháin foluiteach meántéarmach maidir leis an bhfiachas poiblí ***bunaithe ar an modheolaíocht anailíse ar inbhuanaitheacht an fhiachais*** agus na torthaí ina leith;

   (b) an réamhfhaisnéis ***thírshonrach*** mhaicreacnamaíoch agus na toimhdí a ghabhann leis.

▌

***1a. Beidh idirphlé ag an gCoimisiún agus ag an mBallstát lena mbaineann, ar a laghad dhá mhí roimh an dáta do na Ballstáit a bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha a thíolacadh agus é mar chuspóir leis sin a áirithiú go gcomhlíonfaidh an chonair thagartha***

***Airteagal 5 agus Airteagal 6. Mar chuid den idirphlé sin, ceadófar don Bhallstát lena mbaineann togra le haghaidh conair thagartha a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b) á cur san áireamh. Beidh tuairim ó institiúid fhioscach neamhspleách an Bhallstáit lena mbaineann ag gabháil leis an togra le haghaidh conair thagartha. Mar sin féin, má mhainníonn an institiúid fhioscach neamhspleách tuairim den sórt sin a thabhairt laistigh de thréimhse ama réasúnta, ní chuirfear cosc ar thíolacadh thogra an Bhallstáit le haghaidh conair thagartha.***

***I gcás, le linn an idirphlé dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ina roghnaíonn an Ballstát lena mbaineann gan togra le haghaidh conair thagartha a thíolacadh nó ina mainníonn sé é sin a dhéanamh go tráthúil, nó i gcás nach bhfuil an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann in ann teacht ar chomhaontú maidir le conair thagartha, cuirfidh an Coimisiún conair thagartha ar aghaidh a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6.***

***Tarchuirfidh an Coimisiún na conairí tagartha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, mar aon leis na tograí le haghaidh conairí tagartha ag na Ballstáit, agus na sonraí, toimhdí agus ríomhanna uile is bun leis na conairí sin ar bhealach a fhágann gur féidir iad a mhacasamhlú.***

2. Maidir leis na Ballstáit a bhfuil easnamh rialtais faoi bhun 3% de luach tagartha OTI agus fiachas poiblí faoi bhun 60% de luach tagartha OTI acu, soláthróidh an Coimisiún faisnéis theicniúil a bhaineann leis an gcomhardú struchtúrtha príomha a bhfuil gá léi chun a áirithiú go gcoinneofar an t-easnamh príomha faoi bhun 3% de luach tagartha OTI gan aon bhearta breise beartais le linn tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta.

3. ***Gach Ballstát a bhfuil fiachas poiblí os cionn 60% de luach tagartha OTI nó easnamh rialtais os cionn 3% de luach tagartha OTI aige,*** nuashonróidh sé ***a thogra le haghaidh conair thagartha dhá mhí ar a laghad roimh*** chur isteach na chéad ▌ pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha eile.

*Airteagal 8*

**Measúnú ar inchreidteacht** ***agus ar inbhuanaitheacht fiachais***

Chun measúnú a dhéanamh ar cibé an féidir a thabhairt le fios go bhfuil cóimheas fiachais phoiblí réamh-mheasta an Bhallstáit lena mbaineann ar threo síos. ***Leis na beartais fhioscacha iomchuí tiocfaidh laghdú fiachais inbhuanaithe as*** nó an féidir leis fanacht ar leibhéal stuama i gcónaí, bainfidh an Coimisiún leas as modheolaíocht ***inmhacasamhlaithe, intuartha agus trédhearcach bunaithe ar na coinníollacha seo a leanas:***

***(a) an cóimheas fiachais phoiblí a bheith ag laghdú, nó ag fanacht ar leibhéal stuama, faoi chásanna cinntitheacha chreat meántéarmach réamh-mheasta an fhiachais phoiblí de chuid an Choimisiúin bunaithe ar mhodheolaíocht anailíse ar inbhuanaitheacht an fhiachais;***

***(b) tá an riosca nach laghdóidh an cóimheas fiachais phoiblí sna 5 bliana tar éis thréimhse choigeartaithe an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta íseal a dhóthain, déantar an riosca sin a mheasúnú le cuidiú ó anailís stocastach an Choimisiúin.***

***Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoina anailís ar inchreidteacht agus ar na sonraí foluiteacha, faoi réir socruithe rúndachta más gá.***

***Faoin … [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht le haghaidh anailís ar inbhuanaitheacht fiachais agus an***

***modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar inchreidteacht dá dtagraítear i mír 1, a shainiú. Beidh gníomhartha tarmligthe mionsonraithe go leor maidir le nochtadh samhlacha agus raonta athróg agus toimhdí ionas gur féidir an anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais a mhacasamhlú.***

***Chun críche an ghnímh tharmligthe maidir le hanailís ar inbhuanaitheacht fiachais, sainaithneoidh an Coimisiún na tosca ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht an fhiachais, agus éabhlóid an fháis inbhuanaithe amach anseo á cur san áireamh; rátaí úis; leibhéal an bhoilscithe; rioscaí leachtachta; struchtúr an fhiachais; dliteanais theagmhasacha; an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí ar fhás a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta, chomh maith le rioscaí aeráide.***

***Don chéad bhliain ina mbeidh ar na Ballstáit a bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha a thíolacadh, agus fad nach nglactar an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 3, beidh an creat bunúsach meántéarmach réamh-mheasta fiachais phoiblí bunaithe ar an nuashonrú is déanaí ar an Monatóir ar Inbhuanaitheacht Fiachais.***

## *CAIBIDIL IV*

## *NA PLEANANNA FIOSCACHA STRUCHTÚRTHA MEÁNTÉARMACHA NÁISIÚNTA*

### *Airteagal 9*

### Na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach

Cuirfidh gach Ballstát plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle roimh dheireadh mhí Aibreáin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún teacht ar chomhaontú i dtaca le síneadh a chur leis an sprioc-am sin ar feadh tréimhse réasúnta más gá. ***Déanfar Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas i scríbhinn faoi gach síneadh agus faoi na bunchúiseanna atá leis, gan moill mhíchuí***.

***Cuirfidh gach Ballstát plean fioscach nua struchtúrtha meántéarmach náisiúnta faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle roimh dheireadh mhí Aibreáin den bhliain deiridh a chumhdaítear leis an bplean fioscach leanúnach struchtúrtha meántéarmach.***

***Beidh tuairim ón institiúid fhioscach neamhspleách náisiúnta den Bhallstáit lena mbaineann ag gabháil leis an bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach, go háirithe maidir le comhlíonadh na gcritéar in Airteagal 15 agus na dtoimhdí arna n-úsáid sa chonair thagartha. Mar sin féin, má mhainníonn an institiúid fhioscach neamhspleách tuairim den sórt sin a thabhairt laistigh de thréimhse ama réasúnta, ní chuirfear cosc ar thíolacadh an phlean ag an mBallstát.***

***Sula gcuirfear a phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, bunóidh gach Ballstát sásra comhair struchtúrtha chun ranníocaíochtaí leis an bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta sin a fháil ón tsochaí shibhialta, ó chomhpháirtithe sóisialta, ó údaráis réigiúnacha agus ó gheallsealbhóirí ábhartha eile. Áireofar na moltaí agus tuairimí a tíolacadh faoi chuimsiú an tsásra comhair struchtúrtha mar iarscríbhinn a ghabhann leis na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta.***

***Sula gcuirfear a phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, déanfaidh gach Ballstát díospóireacht ar an dréachtphlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta lena pharlaimint náisiúnta.***

Cuirfidh an Ballstát a ***phlean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta ar fáil*** don phobal ***nuair a chuirfear faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin é, mar aon leis an gconair thagartha agus na sonraí, na toimhdí agus na doiciméid uile a bhaineann leis an gcaibidlíocht a úsáidtear le haghaidh na conaire tagartha***.

*Airteagal 10*

**Idirphlé teicniúil**

*Sula gcuirfidh sé isteach a phlean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, beidh idirphlé teicniúil ag an mBallstát lena mbaineann leis an gCoimisiún, agus beidh sé de chuspóir leis sin a áirithiú go gcomhlíonfaidh an plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta Airteagail 11, 12, 14* ***agus, i gcás inarb ábhartha, Airteagal 13. Áiritheoidh an Coimisiún go gcaithfear go cothrom leis na Ballstáit. Chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú, coinneoidh an Coimisiún na miontuairiscí agus doiciméid ghaolmhara uile arna n-ullmhú roimh ré, le linn gach idirphlé theicniúil agus ina dhiaidh go dtí deireadh an dara tréimhse choigeartaithe atá beartaithe ar a laghad. Tar éis an plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, beidh rochtain ag Parlaimint na hEorpa ar na doiciméid sin arna iarraidh sin, faoi réir aon socruithe rúndachta, i gcás inar gá****.*

*Airteagal 11*

**Ábhar an phlean fhioscaigh struchtúraigh mheántéarmaigh náisiúnta**

1. Soláthrófar ***i*** bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II. Léireofar ann go háirithe conair ghlanchaiteachais, conair a shocraítear i bhfoirm spriocanna ainmniúla, lena gcumhdaítear tréimhse 4 bliana ar a laghad, chomh maith leis na toimhdí maicreacnamaíocha foluiteacha agus na bearta fioscacha struchtúrtha atá beartaithe chun comhlíontacht le ceanglais Airteagal 12 a thaispeáint.

▌

▌

*Airteagal 12*

**Ceanglais *na bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta***

Leis an bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta:

(a) áiritheofar go ndéanfar an coigeartú fioscach ***struchtúrach príomhúil*** a bhfuil gá leis chun fiachas poiblí a chur nó a choimeád ar threo síos inchreidte ***as a dtiocfaidh laghdú fiachais inbhuanaithe,*** faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe ar a dhéanaí, nó go gcoinneofar ar leibhéil stuama é, agus chun an fiachas poiblí a thabhairt go dtí 3% de luach tagartha OTI agus a choinneáil ansin sa mheántéarma;

(b) míneofar an chaoi a n-áiritheofar soláthar infheistíochta agus athchóirithe, ag freagairt do na príomhdhúshláin arna sainaithint laistigh den Seimeastar Eorpach, sna moltaí tírshonracha ***agus*** ceartófar***, más infheidhme,*** na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha arna sainaithint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, ***na rabhaidh ón gCoimisiún nó na moltaí ón gComhairle arna ndéanamh de bhun Airteagal 121(4) CFAE***;

***Ina theannta sin, míneofar sa phlean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta conas a áiritheoidh sé comhsheasmhacht leis na mór-threoirlínte do bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus leis na treoirlínte fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 121(2) agus le hAirteagal 148(2) CFAE agus, más infheidhme, déanfar rioscaí cóineasaithe shóisialta arna sainaithint laistigh den Seimeastar Eorpach a chosc i gcomhréir le hAirteagal 3, an dara mír, pointe (b);***

***(ba) míneofar conas a thabharfar aghaidh ar chomhthosaíochtaí seo a leanas an Aontais:***

***(i) an Comhaontú Glas don Eoraip [17], lena n-áirítear an t-aistriú chuig aeráidneodracht faoi 2050[18] agus an t-aistriú ar an leibhéal náisiúnta trí na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide;***

***(ii) Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[19] lena n-áirítear na spriocanna gaolmhara maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta faoi 2030;***

***(iii) Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach 2030[20], agus léirithe ar an leibhéal náisiúnta trí Threochláir Straitéiseacha na Deacáide Digití Náisiúnta;***

***(iv) Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint - D'Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta[21].***

***(bb) míneofar conas a áiritheofar comhsheasmhacht leis na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide nuashonraithe, leis an Dlí Aeráide Eorpach agus leis na Treochláir Náisiúnta don Deacáid Dhigiteach;***

***(bc) measúnú a dhéanamh ar bhearnaí náisiúnta san infheistíocht phoiblí, lena n-áirítear chun gach ceann de thosaíochtaí comhchoiteanna sin an Aontais dá dtagraítear i bpointe (ba), a chur i gcrích;***

(c) míneofar, más infheidhme, an chaoi a n-áiritheofar go soláthrófar sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 13, agus cuirfear bonn taca faoi shíneadh 3 bliana, ar a mhéad, le haghaidh thréimhse choigeartaithe an Bhallstáit;

(d) míneofar conas a áiritheofar comhsheasmhacht, ***agus, i gcás inarb iomchuí, comhlántacht,*** le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta an Bhallstáit lena mbaineann le linn thréimhse infhaighteacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2021/241 ***agus le haon ionstraimí infheistíochta de chuid an Aontais lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais nó a bhfuil an cuspóir céanna leo agus atá leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta;***

***(da) míneofar conas a áiritheofar comhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, comhlántacht le cistí an Aontais, go háirithe leis na cistí beartais comhtháthaithe a théann chun tairbhe don Bhallstát lena mbaineann;***

*Airteagal 13*

**Na ceanglais i ndáil le síneadh na tréimhse coigeartaithe**

1. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith áirithe d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i mír 2, féadtar an tréimhse choigeartaithe a shíneadh 3 bliana ar a mhéad.

---

[17] ***Teachtaireacht COM(2019) 640 final an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiún 'An Comhaontú Glas don Eoraip' agus Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).***
[18] ***Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach').***
[19] ***(2017/C 428/09) An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (IO C 428, 13.12.2017, lch. 10)***
[20] ***Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4).***
[21] ***Comhairle an Aontais Eorpaigh, COPS 130.***

2. An tsraith de ghealltanais i leith athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe, beidh sí ar cóimhéid le méid na ndúshlán a bhainfidh don fhiachas poiblí agus na ndúshlán a bhainfidh don fhás meántéarmach sa Bhallstát lena mbaineann.

Comhlíonfaidh an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta, ***mar riail ghinearálta,*** i dteannta a chéile, na critéir seo a leanas:

(i) a bheith ina bhfeabhsú ar an bhfás ***agus ar an athléimneacht***;

(ii) tacófar leo le hinbhuanaitheacht fhioscach;

(iii) tabharfar aghaidh leo ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais dá dtagraítear in ***Airteagal 12, pointí (ba) agus (bb)***;

(iv) tabharfar aghaidh leo ar mholtaí ábhartha tírshonracha a cuireadh faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.

▌

3. Beidh gach ceann de na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartaithe mionsonraithe a dhóthain, ***scaipthe go leormhaith i rith na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean agus faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe ar a dhéanaí,*** faoi cheangal ama agus infhíoraithe.

4. ***Beidh an tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí le haghaidh síneadh a chur leis an tréimhse choigeartaithe comhsheasmhach leis na gealltanais a áirítear i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta formheasta an Bhallstáit lena mbaineann le linn*** shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ***agus leis an gComhaontú Comhpháirtíochta sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil***.

5. Is i gcomhréir leis an gcreat measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a dhéanfar an measúnú ar cibé an gcomhlíonann an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta na critéir a leagtar amach i mír 2 agus ar cibé an gcomhlíonann gach ceann de na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta na coinníollacha a leagtar amach i mír 3.

*Airteagal 14*

**Plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe**

1. ***Tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh dheireadh an phlean struchtúraigh fhioscaigh mheántéarmaigh náisiúnta reatha,*** féadfaidh Ballstát a iarraidh plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin roimh dheireadh a thréimhse coigeartaithe más ann do chúinsí oibiachtúla lena gcuirtear bac ar chur chun feidhme an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta reatha ▌. ***Ní bheidh leibhéil uaillmhéine an athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sa phlean athbhreithnithe níos ísle ná na leibhéil sa phlean bunaidh.***

***1a. Féadfaidh rialtas nua i mBallstát plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta nua nó athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus leibhéal uaillmhéine an phlean roimhe sin á chur san áireamh.***

***1b. Beidh tuairim ó institiúidí náisiúnta neamhspleácha fioscacha an Bhallstáit lena mbaineann ag gabháil le plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta ina ndéanfar measúnú ar na himthosca lena gcuirtear cosc ar chur chun feidhme an phlean bhunaidh. Mar sin féin, má mhainníonn an institiúid fhioscach neamhspleách tuairim den sórt sin a thabhairt laistigh de thréimhse ama réasúnta, ní chuirfear cosc ar thíolacadh phlean athbhreithnithe fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta an Bhallstáit.***

2. Sula gcuirfear isteach an plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe, cuirfear ***conair thagartha nua*** ar aghaidh ***i gcomhréir le hAirteagal 5***.

3. Ag cur san áireamh cibé an ndearna an Ballstát lena mbaineann coigeartú roimhe sin nó nach ndearna, ní cheadófar leis an gconaire ***thagartha*** nua go ndéanfar an iarracht ar choigeartú fioscach a choinneáil siar agus ní bheidh an iarracht ar choigeartú fioscach níos ísle mar thoradh air sin.

4. I gcás ina gcuirtear isteach plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe isteach, beidh feidhm ag Airteagal 12 agus ag Airteagail 15 go 19.

5. Déanfaidh an Coimisiún measúnú go háirithe, más infheidhme, ar cibé an mbeidh feidhm leantach ag aon síneadh ar an tréimhse choigeartaithe faoin bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe, agus cuirfidh sé san áireamh cur chun feidhme na ngealltanas i leith na sraithe athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoin síneadh faoin bplean bunaidh agus na hathruithe i dtéarmaí na ndúshlán in aghaidh an fhiachais phoiblí faoin bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe.

*Airteagal 15*

**Measúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún ar phleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta**

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar gach aon phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta laistigh de 2 mhí tar éis a chur isteach. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún***, más gá,*** a chomhaontú tréimhse an mheasúnaithe a fhadú de thréimhse réasúnta, ***nach faide ná 2 mhí***.

2. I gcás na mBallstát uile agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta scrúdóidh sé:

(a) an áirithítear leis an bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta go gcuirfear an fiachas poiblí ar threo síos atá inchreidte nó go gcoinnítear ansin é ***as a dtiocfaidh laghdú fiachais inbhuanaithe*** nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama;

(b) an gcoinnítear easnamh an rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % OTI le linn thréimhse an phlean nó cibé an dtéann easnamh an rialtais ar ais go pras faoi luach tagartha 3 % OTI ar a dhéanaí faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe nuair a bhíonn an t-easnamh os cionn an luacha tagartha sin tráth a chuirtear isteach an plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta;

(c) an gcoinnítear fiachas an rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % OTI in éagmais bearta eile buiséadacha thar thréimhse ama 10 mbliana;

(d) an bhfuil an iarracht ar choigeartú fioscach thar thréimhse an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta ar a laghad comhréireach leis an iarracht iomlán thar an tréimhse choigeartaithe iomlán;

▌

(f) cibé ***an gcobhsaítear*** an cóimheas fiachais phoiblí ***thar an tréimhse choigeartaithe agus an laghdaítear é gach bliain thar an tréimhse réamh-mheasta pointe céatadáin amháin ar a laghad den chóimheas idir an fiachas agus OTI i gcás na mBallstát ag a bhfuil cóimheas fiachais-OTI níos mó ná 90% agus leathphointe céatadáin ar a laghad i gcás na mBallstát ag a bhfuil cóimheas fiachais-OTI idir 60% agus 90%***.

3. ***Scrúdóidh an Coimisiún i gcás na mBallstát uile an gcomhlíonann an plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12.*** Ina theannta sin, maidir leis an mBallstát lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar an méid seo a leanas

▌an gcomhlíonann an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13.

▌

*Airteagal 16*

**An plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta á fhormhuiniú ag an gComhairle**

Glacfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, moladh ina leagtar amach conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann agus, más infheidhme, déanfaidh sí an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta a fhormhuiniú atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe a áirítear ina phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta laistigh de 4 sheachtaine tar éis ghlacadh an mholadh ón gCoimisiún mar riail. ***Beidh tuairim ón mBord Fioscach Eorpach (EFB) maidir leis an ngné Aontais agus an tuairim bhunaidh ó institiúid fhioscach neamhspleách náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 9(3) ag gabháil leis an moladh ón gCoimisiún. Mar sin féin, má mhainníonn BFE agus an institiúid fhioscach neamhspleách náisiúnta a dtuairimí faoi seach a thabhairt, ní chuirfidh sin cosc ar an gCoimisiún moladh a chur ar aghaidh.***

I gcás ina bhfeidhmíonn an plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta mar an bplean gníomhaíochta ceartaithí a cheanglaítear i ndáil le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a cheartú, mar a bhforáiltear dó sin in Airteagal 30, déanfaidh an Chomhairle na hathchóirithe agus an infheistíocht is gá chun na míchothromaíochtaí a cheartú a fhormhuiniú freisin sa mholadh sin.

*Airteagal 17*

**Moladh ón gComhairle le haghaidh plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe**

I gcás ina measann an Chomhairle nach gcomhlíonann an plean na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15 (2) agus (3) pointe (a), molfaidh sí, ar mholadh ón gCoimisiún, go gcuirfidh an Ballstát lena mbaineann plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe isteach.

*Airteagal 18*

**Moladh ón gComhairle i gcás go dteipeann ar an mBallstát**

Ar mholadh ón gCoimisiún, molfaidh an Chomhairle don Bhallstát lena mbaineann gurb í an chonair ***thagartha*** a d'eisigh an Coimisiún ***i gcomhréir le hAirteagal 5, an dara fomhír,*** a bheidh mar chonair ghlanchaiteachais an Bhallstáit i gcás:

(a) ina dteipeann ar an mBallstát lena mbaineann plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe a chur isteach laistigh de ***dhá mhí*** ó rinne an Chomhairle an moladh;

(b) ina measann an Chomhairle nach gcomhlíonann an plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2) agus (3), ***lena dtugar údar cuí lena seasamh***;

(c) ina dteipeann ar an mBallstát plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta tosaigh nó plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta nua a chur isteach ag deireadh na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta a bhí ann roimhe sin.

*Airteagal 19*

**Teipeann ar Bhallstát a ghealltanais atá mar bhonn taca faoi shíneadh ar a thréimhse choigeartaithe a chomhlíonadh go sásúil**

I gcás inar deonaíodh síneadh a thréimhse coigeartaithe do Bhallstát ach ina dteipeann air a shraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta lena gcuirtear bonn taca faoin síneadh dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a chomhlíonadh go sásúil, ***leanfaidh*** an Chomhairle, ***mar riail, an*** moladh ón gCoimisiún, ***agus*** molfaidh sí conair ghlanchaiteachais athbhreithnithe lena ngabhfadh tréimhse choigeartaithe ghearr ***nó, mura ndéanann an Chomhairle amhlaidh, míneoidh sí a seasamh go poiblí***.

***Airteagal 19a***

***Scórchlár na bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha***

***1. Bunóidh an Coimisiún scórchlár na bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha ('an Scórchlár'), chun go léireofar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme phleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta na mBallstát, lena n-áirítear go háirithe na hathchóirithe, na hinfheistíochtaí agus tosaíochtaí an Aontais mar aon le céim shaolré an phlean agus stádas na conaire glanchaiteachais iarbhír. Léireofar ar an Scórchlár freisin faisnéis a bhaineann leis na bearnaí infheistíochta poiblí náisiúnta, lena n-áirítear chun gach ceann de thosaíochtaí comhchoiteanna sin an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12, pointe (ba), a bhaint amach;***

***2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na gnéithe mionsonraithe den Scórchlár a shainiú d'fhonn an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na bpleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha amhail dá dtagraítear i mír 1 a léiriú.***

***3. Beidh an Scórchlár ag feidhmiú faoin [1 Meitheamh] 2024 agus déanfaidh an Coimisiún é a nuashonrú dhá uair sa bhliain. Cuirfear an Scórchlár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin nó ar thairseach idirlín.***

*CAIBIDIL V*

*CUR CHUN FEIDHME NA bPLEANANNA FIOSCACHA STRUCHTÚRTHA MEÁNTÉARMACHA NÁISIÚNTA*

*Airteagal 20*

**Tuarascáil ar dhul chun cinn**

1. Cuirfidh gach Ballstát tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme a phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta faoin ***30*** Aibreán gach aon bhliain ar a dhéanaí.

2. Sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn dá dtagraítear i mír 1 beidh faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na conaire glanchaiteachais go háirithe, faoi chur chun feidhme gealltanas athchóirithe agus infheistíochta níos leithne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus, más infheidhme, i gcur chun feidhme na sraithe de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe.

3. Sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn dá dtagraítear i mír 1 beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III freisin.

4. Cuirfidh gach Ballstát a thuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ar fáil go poiblí.

***4a. Pléifidh na Ballstáit an tuarascáil ar dhul chun cinn ina bparlaimintí náisiúnta agus leis an tsochaí shibhialta, leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na geallsealbhóirí ábhartha, i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta.***

*Airteagal 21*

**Faireachán an Choimisiúin**

***1.*** Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta, agus go háirithe ar an gconair ghlanchaiteachais ***agus ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin tréimhse choigeartaithe***.

***2.***Cuirfidh an Coimisiún cuntas rialaithe ar bun, ▌ agus coinneoidh sé rian ar dhialltaí carntha (***dochair***) suas agus (***creidmheasa***) síos i leith glanchaiteachas iarbhír ón gconair ghlanchaiteachais.

***2a. Is é iarmhéid carnach an chuntais rialaithe i dtréimhse ar leith suim na ndochar agus na gcreidmheasanna bliantúla a cláraíodh le linn na tréimhse sin.***

***2b. Measfar nach gcomhlíonann Ballstát a chonair ghlanchaiteachais i gcás ina bhfuil iarmhéid carntha an chuntais rialaithe le linn na tréimhse coigeartaithe níos airde ná 1% den OTI sna blianta ina raibh fás dearfach OTI.***

***2c. De mhaolú ar mhír 2b, chun go gcuirfí san áireamh infheistíochtaí straitéiseacha áirithe a thugann aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais a bhfuil breisluach acu don Aontas ina iomláine, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn eisceachtúil, a cheadú do Bhallstát an teorainn a leagtar amach i mír 2b a shárú go sealadach ar feadh uastréimhse shainaithe 5 bliana, lena n-áiritheofar go dtitfidh an diall faoi bhun na teorann sin faoi dheireadh na tréimhse sin.***

*Airteagal 22*

**Ról na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha**

1. Soláthróidh gach institiúid fioscach neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir ón gComhairle […][22] [maidir leis na creataí buiséadacha náisiúnta], measúnú ar chomhlíontacht na sonraí táirgeachta buiséadacha arna dtuairisciú sa tuarascáil ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 20 leis an gconair ghlanchaiteachais, ***lena n-áirítear comhlíontacht na spriocanna neamh-inchainníochtaithe***. I gcás inarb infheidhme, déanfaidh gach institiúid fioscach neamhspleách náisiúnta anailís freisin ar na tosca atá taobh thiar de dhiall ón gconair ghlanchaiteachais.

***1a. Leis na measúnuithe cáilíochtúla agus cainníochtúla i dtuairimí na hinstitiúide fioscaí náisiúnta neamhspleáiche dá dtagraítear i mír 1, cuirfear tuairimí éagsúla san áireamh agus beifear in ann seasaimh mhionlaigh agus seasaimh éagsúla a nochtadh. Chun na críche sin, rachfar i gcomhairle go rialta le geallsealbhóirí ábhartha.***

***1b. Déanfar tuairimí agus measúnuithe a thabharfaidh na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha i gcomhréir leis an Rialachán seo a phoibliú.***

***Airteagal 22a (nua)***

**Ról an Bhoird Fhioscaigh Eorpaigh**

***1. Bunóidh an Coimisiún an Bord Fioscach Eorpach (EFB), sainghrúpa neamhspleách, a***

[22] Treoir ón gComhairle […] an […] [lena leasaítear Treoir 2011/85/AE ón gComhairle maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát] (IO…., …, lch,…)

***mbeidh ról comhairleach aige maidir le comhordú bheartas eacnamaíoch an Aontais. Déanfar ionadaíocht ar an gCoimisiún ar an mBord Fioscach Eorpach ach ní bheidh cearta vótála aige.***

***2. I gcás EFB:***

***(a) beidh sé neamhspleách agus ní lorgóidh nó ní ghlacfaidh sé treoracha ó údaráis bhuiséadacha na mBallstát, ná ón gCoimisiún, ná ó aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile;***

***(b) beidh sé d'acmhainn aige tuairimí a thabhairt go tráthúil agus cumarsáid a dhéanamh go poiblí;***

***(c) déanfaidh sé éagsúlacht tuairimí agus cúlraí a áirithiú i gcomhdhéanamh a chomhaltaí;***

***(d) Ceadóidh sé seasaimh mhionlaigh agus seasaimh éagsúla ina thuairimí a nochtadh;***

***(e) beidh acmhainní dílse leordhóthanacha agus cobhsaí aige chun a sainordú a dhéanamh go héifeachtach, lena n-áirítear aon chineál anailíse laistigh dá shainordú;***

***(f) beidh rochtain leormhaith thráthúil ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ar an bhfaisnéis uile is gá chun a shainordú a chomhlíonadh;***

***(g) dul i gcomhairle go rialta le páirtithe leasmhara ábhartha.***

***3. Déanfaidh EFB na cúraimí a leagtar síos in Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2015/1937 ón gCoimisiún. Ina theannta sin, cuirfidh sé comhairle ar fáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus don Ghrúpa Euro.***

*Airteagal 23*

**Rabhadh ón gCoimisiún agus moltaí ón gComhairle maidir le bearta beartais**

1. I gcás inarb ann do riosca suntasach go ndiallfaí ón gconair ghlanchaiteachais ar a ndearnadh faireachán tríd an gcuntas rialaithe nó riosca go bhféadfadh easnamh an rialtais a bheith os cionn luach tagartha 3 % OTI, féadfaidh an Coimisiún rabhadh a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 121(4) CFAE.

2. Ar bhonn moladh ón gCoimisiún, déanfaidh an Chomhairle, laistigh de 1 mhí amháin tar éis don Choimisiún rabhadh a thabhairt dá dtagraítear i mír 1, moladh a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann maidir leis na bearta beartais a bhfuil gá leo, i gcomhréir le hAirteagal 121(4) CFAE.

*Airteagal 24*

**Mór-shleabhcadh eacnamaíoch sa limistéar euro nó san Aontas ina iomláine**

Ar mholadh ón gCoimisiún, féadfaidh an Chomhairle moladh a ghlacadh lena gceadófar do na Ballstáit diall óna gconair ghlanchaiteachais, i gcás mórshleabhcadh eacnamaíoch i limistéar an euro nó san Aontas ina iomláine, ar choinníoll nach ndéanfaidh an diall sin, ***de réir anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil arna déanamh ag an gCoimisiún,*** an inbhuanaitheacht fhioscach a chur i mbaol sa mheántéarma. Sonróidh an Chomhairle teorainn ama le haghaidh imeacht den sórt sin.

***Beidh tuairim ó EFB ag gabháil leis na moltaí ón gCoimisiún dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Mar sin féin, má mhainníonn EFB tuairim den sórt sin a thabhairt laistigh de thréimhse ama réasúnta, ní chuirfidh sin cosc ar an gCoimisiún moladh a chur ar aghaidh.***

A fhad agus a mhaireann an mór-shleabhcadh eacnamaíoch sa limistéar euro nó san Aontas ina iomláine, leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fiachais agus áiritheoidh sé go

mbeidh ann do chomhordú beartais agus do mheascán comhsheasmhach beartas ina gcuirfear san áireamh gné limistéar an euro agus an Aontais.

Is féidir leis an gComhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, síneadh a chur leis an tréimhse arbh fhéidir leis na Ballstáit imeacht ón gconair ghlanchaiteachais lena linn, ar choinníoll go maireann an mór-shleabhcadh eacnamaíoch sa limistéar euro nó san Aontas ina iomláine i gcónaí. Is féidir síneadh a dheonú níos mó ná uair amháin. Is tréimhse bhreise 1 bhliain amháin ar a mhéad a bheidh i gceist, áfach.

*Airteagal 25*

**Imthosca eisceachtúla nach bhfuil neart ag an mBallstát orthu a fhágann tionchar mór a bheith ar airgeadas poiblí an Bhallstáit lena mbaineann**

Ar mholadh ón gCoimisiún, féadfaidh an Chomhairle moladh a ghlacadh lena gceadófar do Bhallstát diall óna chonair ghlanchaiteachais i gcás imthosca eisceachtúla a bheith ann, nach bhfuil neart ag an mBallstát orthu, a fhágann tionchar mór a bheith ar airgeadas poiblí an Bhallstáit lena mbaineann, ar choinníoll***, de réir anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil arna déanamh ag an gCoimisiún,*** nach gcuirfeadh sé sin an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma. Sonróidh an Chomhairle teorainn ama le haghaidh diall den sórt sin.

Féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, síneadh a chur leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh an Ballstát diall ón gconair ghlanchaiteachais, ar choinníoll gur ann i gcónaí do na himthosca eisceachtúla. Féadfar síneadh a dheonú níos mó ná uair amháin. Is go ceann tréimhse bhreise d'aon bhliain amháin ar a mhéad a bheidh gach síneadh, áfach.

*CAIBIDIL VI*

***AN CHUNTASACHT DHAONLATHACH AGUS AN TRÉDHEARCACHT***

***Airteagal 25a***

***Ról Pharlaimint na hEorpa***

***1. Beidh Parlaimint na hEorpa páirteach go cuí, ar bhealach rialta agus struchtúrtha, sa Seimeastar Eorpach chun treisiú leis an trédhearcacht, leis an gcuntasacht dhaonlathach agus leis an úinéireacht i leith na gcinntí arna nglacadh, go háirithe trí bhíthin na n-idirphléití dá dtagraitear sa Rialachán seo.***

***2. Déanfaidh an Coimisiún na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta arna gcur isteach ag na Ballstáit a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoina mheasúnú foriomlán ar na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha sin. Féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, teacht os a chomhair. Ar na hócáidí sin, iarrfar ar an gCoimisiún a mheasúnú ar na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha a chur i láthair agus iarrfar ar na geallsealbhóirí ábhartha barúil a thabhairt ina leith.***

***3. Cuirfidh an Chomhairle agus an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.***

***4. Déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún torthaí an fhaireachais iltaobhaigh arna dhéanamh de bhun an Rialacháin seo a áireamh ina dtuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa.***

***5. Tabharfaidh an Grúpa Euro tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa, ar bhonn bliantúil, ar thoradh a oibre ar na freagrachtaí sonracha i dtaca leis an airgeadra aonair i réimse an***

*fhaireachais iltaobhaigh.*

*6. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a ullmhú agus a tharchur chuig an gComhairle agus chuig aon cheann dá comhlachtaí ullmhúcháin i gcomhthéacs an Rialacháin seo, nó i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus cuirfear ar fáil do Pharlaimint na hEorpa go comhuaineach agus ar théarmaí comhionanna í gan moill mhíchuí, faoi réir socruithe rúndachta i gcás inar gá. Áireofar na nithe seo a leanas san fhaisnéis sin, ach ní bheifear teoranta dóibh:*

*(a) na measúnuithe ar an inbhuanaitheacht fiachais agus an creat modheolaíochta ina leith;*

*(b) na conairí tagartha;*

*(c) na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta arna gcur isteach ag na Ballstáit agus an chonair ghlanchaiteachais atá molta;*

*(d) forléargas ar réamhthorthaí an Choimisiúin maidir leis an dul chun cinn ginearálta i leith chur chun feidhme an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta, lena n-áirítear iarmhéid an chuntais rialaithe;*

*(e) forléargas ar réamhthorthaí an Choimisiúin maidir leis an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhuntaca leis an sineadh ar an tréimhse choigeartaithe a chomhlíonadh go sásúil;*

*(f) meastóireacht ar na moltaí tírshonracha agus na rioscaí cóineasaithe shóisialta, agus ar an dul chun cinn i leith prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme;*

*(g) na hathbhreithnithe ar na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta;*

*(h) toradh na misean chuig na Ballstáit faoi Airteagail 34 agus 35;*

*(i) rabhadh an Choimisiúin faoi Airteagal 23;*

*(j) an baol nach gcomhlíonfar na conairí glanchaiteachais;*

*(k) anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil an Choimisiúin a léiríonn nach ndéanfar, i gcás ina ngníomhachtófar na clásail éalaithe de bhun Airteagal 24 agus Airteagal 25, an inbhuanaitheacht fhioscach mheántéarmach a chur i mbaol;*

*(l) aon fhaisnéis agus doiciméadacht ábhartha eile arna soláthar ag an gCoimisiún do choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa i ndáil le cur chun feidhme chomhordú na mbeartas eacnamaíoch agus an fhaireachais bhuiséadaigh iltaobhaigh.*

*7. Déanfar torthaí ábhartha an phlé arna dhéanamh i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle a chomhroinnt le coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa.*

*8. Féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis a sholáthar faoin staid mar atá i ndáil leis na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta i gcomhthéacs an idirphlé ar an bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach dá dtagraítear in Airteagal 26a.*

*9. Déanfaidh an Coimisiún aon ghné arna heascairt as na tuairimí arna gcur in iúl tríd an Seimeastar Eorpach agus tríd an idirphlé ar an bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach amhail dá dtagraítear in Airteagail 26 agus 26a, lena n-áirítear aon rún ó Pharlaimint na hEorpa, a chur san áireamh ina threoir bheartais.*

*Airteagal 26*

**An tIdirphlé ar an Seimeastar Eorpach**

***Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, a fheabhsú, agus chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú, tiocfaidh Uachtarán na Comhairle, Uachtarán an Choimisiúin agus, i gcás inarb iomchuí, Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó Uachtarán an Ghrúpa Euro os comhair*** Pharlaimint na hEorpa, ***nuair a iarrfar orthu déanamh amhlaidh, chun an treoir bheartais arna heisiúint ag an gCoimisiún do na Ballstáit, na conclúidí ar ar tháinig*** an ***Chomhairle*** Eorpach, agus ***torthaí an fhaireachais iltaobhaigh arna dhéanamh faoin Rialachán seo, a phlé***. ***Féadfaidh Parlaimint na hEorpa cuireadh a thabhairt*** d***'ionadaí ó***n gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta faoi chuimsiú an ***Idirphlé*** ar an Seimeastar Eorpach ▌. Beidh na páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach, faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, maidir leis na príomh-shaincheisteanna beartais i gcás inarb iomchuí sin, i gcomhréir le forálacha CFAE agus le socruithe dlíthiúla agus polaitiúla náisiúnta.

▌

I gcomhréir le hAirteagal 121 CFAE, déanfaidh Uachtarán na Comhairle, Uachtarán an Choimisiúin agus, i gcás inarb iomchuí, Uachtarán an Ghrúpa Euro, tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle Eorpach, ar bhonn bliantúil, ar thorthaí an fhaireachais iltaobhaigh.

### ***Airteagal 26a***

### ***An t-idirphlé ar an bplean fioscach struchtúrtha meántéarmach***

***1.*** ***Chun an t-idirphlé idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a fheabhsú, agus chun níos mó trédhearcachta agus níos mó cuntasachta a áirithiú, tiocfaidh an Coimisiún os comhair choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh sin chun plé a dhéanamh ar ábhar a phleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha, ar thíolacadh a phleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha, ar an measúnú ar a phleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha agus ar an bhfaireachán ar a phleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha mar chuid den fhaireachas buiséadach iltaobhach, lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 25a(7).***

***2.*** ***Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, a fheabhsú, agus chun níos mó trédhearcachta agus níos mó cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle agus, i gcás inarb iomchuí, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó ar Uachtarán an Ghrúpa Euro, teacht os comhair an choiste, dhá uair sa bhliain a laghad, chun na hábhair dá dtagraítear i mír 1 a phlé.***

### *Airteagal 27*

### **An riail a chomhlíonadh nó a mhíniú**

Táthar ag dréim leis go ndéanfaidh an Chomhairle, mar riail, de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí.

### *Airteagal 28*

### **Idirphlé *eacnamaíoch* le Ballstát**

▌Féadfaidh ***coiste inniúil*** Pharlaimint na hEorpa deis a thabhairt do Bhallstát páirt a ghlacadh i malartú tuairimí ***nuair a dhíríonn an Chomhairle moladh ar Bhallstát de bhun Airteagal 18, Airteagal 19 nó Airteagal 23(2)***.

▌

*CAIBIDIL VII*

*IDIRGHNÍOMHAÍOCHT LE RIALACHÁN (AE) Uimh. 1176/2011*

*Airteagal 30*

**Idirghníomhaíocht leis an Nós Imeachta um Míchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch**

1. I gcás ina mainníonn Ballstát na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a áirítear ina phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha is ábhartha don Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíochta arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 a chur chun feidhme, agus i gcás ina measann an Coimisiún go ndéantar difear le míchothromaíochtaí iomarcacha don Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Rialachán sin, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

2. Sa chás sin, déanfaidh an Ballstát a dtionscnaítear nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 plean athbhreithnithe a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán sin. Beidh an plean athbhreithnithe de réir an mholta ón gComhairle arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Beidh cur isteach an phlean athbhreithnithe faoi réir fhormhuiniú na Comhairle i gcomhréir le hAirteagail 16 go 19 den Rialachán sin. Déanfar an plean athbhreithnithe a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán sin.

3. I gcás ina gcuireann Ballstát plean fioscach struchtúrtha meántéarmach athbhreithnithe isteach de bhun mhír 2, is é a bheidh sa phlean athbhreithnithe sin ná an plean gníomhaíochta ceartaithí a cheanglaítear faoi Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 agus leagfar amach ann na gníomhaíochtaí beartais sonracha atá curtha chun feidhme ag an mBallstát lena mbaineann nó atá beartaithe aige a chur chun feidhme agus áireofar amchlár i leith na ngníomhaíochtaí sin ann.

***I gcás ina gcinneann an Chomhairle gan nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a thionscnamh faoi Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i gcásanna ina measann an Coimisiún go ndéanann míchothromaíochtaí iomarcacha difear don Bhallstát lena mbaineann ar bhonn an athbhreithnithe ghrinn dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin, míneoidh an Chomhairle a seasamh go poiblí.***

Sa chás sin, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn measúnú ón gCoimisiún, measúnú ar an bplean athbhreithnithe laistigh de 2 mhí tar éis chur isteach an phlean sin. Déanfar faireachán agus measúnú ar chur chun feidhme an phlean athbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán sin agus le hAirteagail 9 agus 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

*CAIBIDIL VIII*

*IDIRGHNÍOMHAÍOCHT LE RIALACHÁN (AE) Uimh. 472/2013*

*Airteagal 31*

**Idirghníomhaíocht leis an nós imeachta um fhaireachas feabhsaithe**

Déanfaidh Ballstát atá faoi réir faireachas feabhsaithe faoi Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] aon mholadh a dhírítear air faoi Airteagal 23 den Rialachán seo a chur san áireamh agus bearta á nglacadh aige a bhfuil sé d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar údair nó údair ionchasacha deacrachtaí de bhun Airteagal 3(1) den Rialachán sin.

I gcás ina bhfuil Ballstát faoi réir clár coigeartaithe eacnamaíoch agus faoi réir na n-athruithe arna ndéanamh air i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, ní cheanglófar air plean fioscach struchtúrtha meántéarmach a chur isteach de bhun Airteagal 9 den Rialachán sin ná tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a chur isteach de bhun Airteagal 20 den Rialachán sin.

***I gcás ina bhfuil plean fioscach struchtúrtha meántéarmach gníomhach ag Ballstát, agus ina bhfuil an Ballstát sin faoi réir clár coigeartaithe maicreacnamaíoch de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, cuirfear an plean fioscach struchtúrtha meántéarmach san áireamh agus an clár coigeartaithe maicreacnamaíoch á cheapadh.***

## *CAIBIDIL IX*

## *CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE*

### *Airteagal 32*

### Na hIarscríbhinní a leasú

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 chun Iarscríbhinní II***, II agus*** VII a leasú chun iad a oiriúnú chun aird chuí a thabhairt ar fhorbairtí nó riachtanais bhreise maidir leis an bhfaisnéis sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta (Iarscríbhinn II) nó sna tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn (Iarscríbhinn III), ▌ nó maidir leis an gcreat measúnaithe (Iarscríbhinn VII).

### *Airteagal 33*

### An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagail 8 agus 19a*** a thabhairt ***don Choimisiún go ceann*** tréimhse ***cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***. ***Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas ar tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.***

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagail 8 agus 19a*** a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá i ndiaidh fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, ***rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán poiblí agus*** rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na

[23] Rialachán (AE) Uimh 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais (IO L 140, 27.5.2013, lch. 1).

prionsabail ***agus na nósanna imeachta*** a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagail 8 agus 19a*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***trí mhí*** tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú de ***thrí mhí*** ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

## *CAIBIDIL X*

## *FORÁLACHA COITEANNA*

### *Airteagal 34*

### Idirphlé leis na Ballstáit

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh idirphlé buan ann leis na Ballstáit, i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo. Chun na críche sin, déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, misin a chur i gcrích d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an staid shocheacnamaíoch sa Bhallstát agus d'fhonn aon riosca nó aon deacracht déanamh de réir chuspóirí an Rialacháin seo a shainaithint.

### *Airteagal 35*

### Misin *faireacháin*

1. ***Tabharfaidh*** an Coimisiún faoi mhisin ***faireacháin*** i mBallstáit atá faoi réir moltaí arna n-eisiúint de bhun Airteagal 23. ***Mar riail ghinearálta, déanfar an faireachán sin*** ar an láthair.

2. Nuair is Ballstát a bhfuil an euro aige mar airgeadra an Ballstát lena mbaineann nó nuair is Ballstát é a ghlacann páirt in ERM2, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ionadaithe de chuid an Bhainc Ceannais Eorpaigh, más iomchuí, páirt a ghlacadh i misin ***faireacháin***.

***3. Chun críocha misin faireacháin, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar gheallsealbhóirí ábhartha atá bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann páirt a ghlacadh sna misin sin.***

### *Airteagal 36*

### ***Athbhreithniú***

1. Faoin [31 Nollaig ***2028***] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a mbeidh, i gcás inarb iomchuí, togra chun an Rialachán seo a leasú ag gabháil léi. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil sin a phoibliú.

2. Sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, déanfar ***measúnú agus*** athbhreithniú ar an méid seo a leanas:

   (a) éifeachtacht an Rialacháin seo▌ maidir lena n-áirithiú go ndéantar cóimheasa fiachais phoiblí a laghdú de réir a chéile nó iad a choinneáil ar leibhéil stuama i gcomhréir leis na moltaí ábhartha ón gComhairle***, maidir le hinbhuanaitheacht fiachais agus fás***

***inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit agus maidir le cosc a chur ar easnaimh rialtais iomarcacha***;

***(aa)*** ***úsáid na gcumhachtaí tarmligthe a leagtar síos in Airteagal 33;***

(b) an dul chun cinn i leith comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha agus cóineasú marthanach fheidhmíocht eacnamaíocha na mBallstát a áirithiú.

***(ba)*** ***an dul chun cinn i leith na moltaí tírshonracha a chur chun feidhme, mar aon le tosaíochtaí comhchoiteanna sin an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12, pointe (ba), na hathchóirithe agus leibhéal foriomlán na n-infheistíochtaí san Aontas;***

***(bb)*** ***cé acu atá Teachtaireacht COM(2015)012 fós oiriúnach don fheidhm nó nach bhfuil.***

3. Cuirfear an togra ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 37*

**Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 a aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

*Airteagal 38*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [fichiú] lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

IARSCRÍBHINN I

I

<u>**IARSCRÍBHINN II**</u>

***An fhaisnéis a bheidh le soláthar sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta***

Beidh an fhaisnéis seo a leanas i plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta:

(a) An chonair ghlanchaiteachais náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 11. ▌

(b) An chonair fáis réamh-mheasta ar ioncam an rialtais a bhaineann le beartas gan athrú.

(c) Conair réamh-mheasta an chóimheasa fiachais phoiblí.

***(ca) Measúnú ar bhearnaí náisiúnta san infheistíocht phoiblí, lena n-áirítear chun gach ceann de thosaíochtaí comhchoiteanna sin an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12, pointe (ba), a chur i gcrích;***

(d) Faisnéis faoi dhliteanais intuigthe a bhaineann le haosú, agus faoi dhliteanais theagmhasacha a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar bhuiséid an rialtais, lena n-áirítear ráthaíochtaí rialtais, iasachtaí neamhthuillmheacha, agus dliteanais a eascraíonn as oibriú corparáidí poiblí, lena n-áirítear a mhéid, speansais ionchasacha agus oibleagáidí a eascraíonn as cásanna cúirte agus, a mhéid is féidir, faisnéis ***eolaíochtbhunaithe*** faoi dhliteanais theagmhasacha maidir le tubaistí agus maidir leis an aeráid.

(e) Na príomhthoimhdí faoi fhorbairtí eacnamaíocha lena bhfuil coinne agus na príomh-athróga eacnamaíocha atá ábhartha chun comhsheasmhacht le cóineasú fiachais phoiblí i dtreo leibhéil stuama a áirithiú agus chun easnamh an rialtais a choinneáil faoi bhun 3 % de luach tagartha OTI.

(f) I gcás ina n-úsáideann an Ballstát toimhdí dá dtagraítear faoi phointe (e) atá éagsúil le toimhdí an Choimisiúin thar thréimhse coigeartaithe an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta***, agus, más infheidhme, i gcás ina ndiallann an chonair thagartha arna moladh ag an mBallstát ón gconair thagartha arna cur ar aghaidh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 5***, mínithe agus fírinnithe cuí bunaithe ar argóintí eacnamaíocha fónta ar na difríochtaí sin.

(g) Anailís ar conas a dhéanfadh athruithe ar na príomhthoimhdí eacnamaíocha difear do riocht buiséadach agus fiachais an Bhallstáit.

▌

(i) Tosaíochtaí athchóirithe agus infheistíochta chun freagairt do na príomhdhúshláin mar a shainaithnítear iad sna moltaí tírshonracha, agus an staid mar atá i ndáil le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha sin ***agus an dul chun cinn i leith laghdú ar na bearnaí infheistíochta*** á gcur san áireamh.

(j) ▌Athchóirithe agus caiteachas infheistíochta poiblí lena dtugtar aghaidh ar ***gach ceann de*** thosaíochtaí comhchoiteanna sin an Aontais dá dtagraítear in ***Airteagal 12, pointe (ba)***.

(k) Más infheidhme, faisnéis faoi shraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta shonracha, faoi cheangal ama agus infhíoraithe atá mar bhonn taca faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartaithe de bhun Airteagal 13, amlíne dá cur chun feidhme, chomh maith le hargóintí eacnamaíocha fónta go gcomhlíonann an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta sin na critéir faoi Airteagal 13 agus na critéir mheasúnaithe in Iarscríbhinn VII á gcur san áireamh.

(l) Cainníochtú, a oiread agus is féidir, ar na tionchair a mheastar a bheidh ag na hathchóirithe agus an infheistíocht dá dtagraítear faoi phointe (k) ar an inbhuanaitheacht fhioscach, ar an bhfás ***inbhuanaithe agus cuimsitheach***, ar an ***iomaíochas*** agus ar an bhfostaíocht ***ardcháilíochta***, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le modheolaíochtaí arna gcomhaontú go comhchoiteann.

(m) Tionchar meántéarmach buiséadach agus meántéarmach fáis ***agus athléimneachta*** ionchasach na ngealltanas athchóirithe agus infheistíochta sin dá dtagraítear faoi phointe (k) i gcás inar féidir.

(n) Más infheidhme, athchóirithe agus infheistíocht chun na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a sainaithníodh faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a cheartú***, mar aon leis na rabhaidh ón gCoimisiún nó na moltaí ón gComhairle de bhun Airteagal 121(4) CFAE***.

(o) An leibhéal foriomlán beartaithe d'***athchóirithe agus*** d'infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chumhdaíonn tréimhse an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta.

(p) I gcás na mBallstát a bhfuil dúshláin fiachais phoiblí ísle acu ach a bhfuil dliteanais mhóra intuigthe acu mar gheall ar aosú an daonra, sa chonair ghlanchaiteachais náisiúnta agus sna hathchóirithe sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta ba cheart aird chuí a thabhairt ar dhúshláin maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach an airgeadais phoiblí.

(q) Faisnéis faoi na comhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile d'fhonn an plean a ullmhú, mar aon le ***hachoimre ar a rannchuidithe leis an bplean agus ar conas a léiríodh a n-ionchur***.

***(qa) Dúshláin arna sainaithint sna tuarascálacha ar chóineasú sóisialta faoin gCreat um Chóineasú Sóisialta agus cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.***

# IARSCRÍBHINN III

## *An fhaisnéis a bheidh le soláthar ag na Ballstáit sna Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn*

Ina dtuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas isteach:

(a) Comparáid idir an glanchaiteachas atá beartaithe bunaithe ar an gconair ghlanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle agus an glanchaiteachas atá bunaithe ar shonraí olltoraidh.

(b) Comparáid ó thús an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta idir na réamh-mheastacháin ar na príomh-athróga eacnamaíocha arna gcur isteach sa phlean sin agus na sonraí olltoraidh le haghaidh na n-athróg sin, chomh maith leis na himpleachtaí do chomhlíonadh na conaire glanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle agus na himpleachtaí do chonair réamh-mheasta an chóimheasa fiachais phoiblí arna thuairisciú sa phlean sin.

(c) Anailís ar chur chun feidhme na mbeart ioncaim lánroghnach sa bhliain roimhe sin.

(d) An dul chun cinn agus cur chun feidhme beartaithe, don bhliain dár gcionn, na ngealltanas i leith na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta arna dtabhairt sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta faoin bhfaisnéis a bheidh le soláthar i gcomhréir le hIarscríbhinn II, pointí (i) agus (j), agus freisin, más infheidhme, pointí (k) agus (n).

(e) Faisnéis don bhliain dár gcionn faoi conas atá sé beartaithe ag an mBallstát aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha na bliana roimhe sin, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

(f) Le linn shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ***nó le linn shaolré aon ionstraime infheistíochta de chuid an Aontais a mbeadh cuspóir comhchosúil léi***, faisnéis faoin dul chun cinn i leith chur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, chun na ceanglais tuairiscithe débhliantúla a chomhlíonadh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(g) Faisnéis faoi éabhlóid na ndliteanas teagmhasach a thuairiscítear sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta agus dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, pointe (d), agus faoi éabhlóid na ndliteanas intuigthe a bhaineann le haosú, i gcás inarb ábhartha, agus faisnéis faoi na dliteanais theagmhasacha agus na dliteanais intuigthe don bhliain dár gcionn.

(h) Na príomhthoimhdí maidir le forbairtí eacnamaíocha lena bhfuil coinne agus na príomh-athróga eacnamaíocha do na blianta ina dhiaidh sin den tréimhse choigeartaithe, lena n-áirítear an cóimheas fiachais phoiblí.

(i) Na réamh-mheastacháin a bhaineann le beartais gan athrú do na blianta ina dhiaidh sin den tréimhse choigeartaithe do chaiteachas agus ioncam an rialtais agus a bpríomhghnéithe, lena n-áirítear caiteachas infheistíochta poiblí.

(j) Caiteachas agus ioncam beartaithe an rialtais mar chéatadán den OTI agus a bpríomhghnéithe do na blianta ina dhiaidh sin den tréimhse choigeartaithe, agus an chonair ghlanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle á cur san áireamh.

(k) Tuairisc agus cainníochtú ar na bearta caiteachais agus ioncaim atá le cur chun feidhme chun an bhearna a líonadh idir na réamh-mheastacháin a bhaineann le beartais gan athrú do chaiteachas agus ioncam dá dtagraítear i bpointe (i) agus an caiteachas agus an t-ioncam atá beartaithe dá dtagraítear i bpointe (j).

(l) Anailís ar éabhlóid na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha arna sainaithint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch agus ar thionchar chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta ábhartha arna dtuairisciú sa phlean fioscach struchtúrtha

meántéarmach náisiúnta i gcomhréir le hIarscríbhinn II, pointe (n), i gcás inarb infheidhme, orthu.

(m) Faisnéis faoi chur chun feidhme rabhadh ón gCoimisiún nó moladh ón gComhairle de bhun Airteagal 121(4) CFAE.

***(ma) Measúnú ar bhearnaí náisiúnta san infheistíocht phoiblí, lena n-áirítear chun gach ceann de thosaíochtaí comhchoiteanna sin an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12, pointe (ba), a chur i gcrích;***

(n) Faisnéis faoi fhorbairtí sa mhargadh saothair, ó thaobh scileanna de agus ó thaobh beartais shóisialta de, agus faoi chur chun feidhme beart beartais arna nglacadh lena gcothaítear cóineasú sóisialta aníos i measc na mBallstát i dtreo dálaí oibre agus maireachtála níos fearr, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus na dTreoirlínte Fostaíochta faoi Airteagal 148 CFAE. Áirítear leis sin an tionchar a mheastar a bheidh ag bearta, i ndáil leis an dul chun cinn i leith na spriocanna náisiúnta maidir le fostaíocht, maidir le scileanna agus maidir le laghdú na bochtaineachta faoi 2030***, agus, más infheidhme, an tionchar a mheastar a bheidh ag bearta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin arna sainaithint faoin gCreat um Chóineasú Sóisialta***.

(o) Measúnú ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 22.

## IARSCRÍBHINN IV

**IARSCRÍBHINN V**

I

## IARSCRÍBHINN VI

# IARSCRÍBHINN VII

***Creat measúnaithe don tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartaithe***

1. Raon feidhme

Is iad cuspóirí an chreata measúnaithe seo ná a bheith:

– mar bhonn don Choimisiún chun a mheasúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a áirítear sna pleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta atá mar bhonn taca faoi shíneadh ar a dtréimhse choigeartaithe na critéir a leagtar amach in Airteagal 13(2). Dá bhrí sin, tá an creat measúnaithe seo ina bhonn le cur i bhfeidhm na gcritéar measúnaithe amhail dá dtagraítear in Airteagal 13(2) d'fhonn próiseas cothrom agus trédhearcach a áirithiú;

– mar bhonn chun a mheasúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann gach ceann de na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(3). Dá bhrí sin, tá an creat measúnaithe seo ina bhonn freisin le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha amhail dá dtagraítear in Airteagal 13(3), chun na críche céanna.

2. Critéir mheasúnaithe

I gcomhréir le hAirteagal 13(2), beidh an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta a áirítear sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta atá mar bhonn taca faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartaithe ar cóimhéid le méid na ndúshlán fiachais phoiblí, mar a suíodh sa nuashonrú is déanaí ar an den Fhaireachán ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais ***nó ar an Modheolaíocht Anailíse ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais*** agus le méid na ndúshlán atá ann i leith an fháis mheántéarmaigh sa Bhallstát. Maidir leis na Ballstáit ina bhfuil dúshláin i leith an fhiachais phoiblí nasctha le dúshláin shuntasacha i leith an fháis mheántéarmaigh, meastar go dtabharfar aghaidh, leis an tsraith d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí, ar na bacainní ar an bhfás meántéarmach freisin.

Comhlíonfaidh an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta, i dteannta a chéile, na critéir seo a leanas:

2.1 Cuireann an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta leis an bhfás ***agus leis an athléimneacht***;

– Tá coinne leis, bunaithe ar thoimhdí inchreidte, dea-dhoiciméadaithe agus stuama, go gcuirfidh an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta borradh mór faoi acmhainneacht fáis gheilleagar an Bhallstáit lena mbaineann ar bhealach inbhuanaithe;

2.2 Tacaíonn an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta leis an inbhuanaitheacht fhioscach;

– Meastar go gcuirfidh an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta feabhas struchtúrtha suntasach ar an airgeadas poiblí sa mheántéarma, tríd an gcaiteachas poiblí a laghdú go struchtúrtha nó tríd an ioncam poiblí a mhéadú, sa Bhallstát lena mbaineann.

2.3 Tugann an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta aghaidh ar thosaíochtaí ***comhchoiteanna*** sin an Aontais dá dtagraítear in ***Airteagal 12, pointe (ba);***

– Cuireann an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta go mór le ceann amháin ar a laghad de thosaíochtaí ***comhchoiteanna*** sin an Aontais dá dtagraítear in ***Airteagal 12, pointe (ba)***;

2.4 Tríd an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta, i dteannta a chéile, tugtar aghaidh ar mholtaí tírshonracha, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch;

– Meastar go dtabharfar aghaidh, tríd an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoin síneadh ar an tréimhse choigeartaithe, i dteannta a chéile, ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, lena n-áirítear na moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch i gcás inarb infheidhme, agus fairsinge agus méid na ndúshlán tírshonrach agus na gealltanais arna dtabhairt faoi na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta á gcur san áireamh, i gcás inarb ábhartha;

2.5 Áirithítear leis an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta go mbeidh leibhéal foriomlán na hinfheistíochta poiblí arna maoiniú go náisiúnta thar shaolré an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta níos airde ná an leibhéal meántéarmach roimh thréimhse an phlean sin

– Cé acu atá nó nach bhfuil leibhéal beartaithe na hinfheistíochta poiblí arna maoiniú go náisiúnta thar shaolré an phlean níos airde ná an leibhéal meántéarmach roimh thréimhse an phlean.

Sa bhreis air sin, ba cheart gach ceann de na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta arna ndéanamh ag na Ballstáit atá mar bhonn taca faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartaithe a bheith mionsonraithe a dhóthain, ***a bheith scaipthe go leormhaith i rith na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean agus faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe ar a dhéanaí,*** a bheith faoi cheangal ama, agus a bheith infhíoraithe.

– tá an tuairisc ar na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta soiléir agus leagtar amach inti eilimintí mionsonraithe gach athchóirithe agus infheistíochta, rud a fhágann gur féidir leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na critéir i bpointí 2.1-2.5, lena n-áirítear maidir lena gcur chun feidhme, agus maidir le faireachán;

– cuirfear na hathchóirithe chun feidhme laistigh de thréimhse an phlean;

– cuirfear na hinfheistíochtaí chun feidhme faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe ar a dhéanaí;

– áirítear sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta táscairí soiléire, réalaíocha, ábhartha agus láidre a fhágann gur féidir an dul chun cinn i leith chur chun feidhme éifeachtach na ngealltanas athchóirithe agus infheistíochta a fhíorú.

30.10.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle
(COM(2023)0240 – C9-0150/2023 – 2023/0138(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Gabriele Bischoff

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF), ina raibh Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[19] , Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997[20] agus an Rún ón gComhairle Eorpach an 17 Meitheamh 1997 maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis[21] , bunaithe ar chuspóir an airgeadais rialtais fhónta agus inbhuanaithe mar mhodh chun na dálaí a neartú a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna agus le fás inbhuanaithe láidir a bhfuil cobhsaíocht airgeadais mar bhonn taca leis, agus ar an | (2) Tá an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF), ina raibh Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[19] , Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997[20] agus an Rún ón gComhairle Eorpach an 17 Meitheamh 1997 maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis[21] , bunaithe ar chuspóir an airgeadais rialtais fhónta agus inbhuanaithe mar mhodh chun na dálaí a neartú a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna agus le fás inbhuanaithe láidir a ***chuidíonn le fostaíocht a chruthú agus a*** bhfuil |

| | |
|---|---|
| gcaoi sin tacú le cuspóirí an Aontais maidir le fás ***agus fostaíocht*** atá inbhuanaithe agus cuimsitheach a ghnóthú. | cobhsaíocht airgeadais mar bhonn taca leis, agus ar an gcaoi sin tacú le cuspóirí an Aontais maidir le fás atá inbhuanaithe agus cuimsitheach a ghnóthú***, agus é mar aidhm leis lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta a bhaint amach***. |
| [19] Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1). | [19] Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1). |
| [20] Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6). | [20] Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6). |
| [21] Rún ón gComhairle Eorpach maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis Amstardam, 17 Meitheamh 1997 (IO C 236, 2.8.1997, lch. 1). | [21] Rún ón gComhairle Eorpach maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis Amstardam, 17 Meitheamh 1997 (IO C 236, 2.8.1997, lch. 1). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Ba cheart creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a oiriúnú chun ilchineálacht mhéadaithe na riochtaí fioscacha, na ndúshlán fiachais phoiblí agus leochaileachtaí eile ar fud na mBallstát a chur san áireamh níos fearr. Bhí an fhreagairt láidir bheartais ar ***an bpaindéim*** COVID-19 an-éifeachtach ***maidir le dochar*** eacnamaíoch agus sóisialta na géarchéime a mhaolú, ach tháinig méadú suntasach ar chóimheasa fiachais ***sna hearnálacha príobháideacha*** agus ***poiblí mar thoradh ar an ngéarchéim, rud a léirigh an tábhacht a bhaineann le*** cóimheasa fiachais a laghdú go ***dtí*** leibhéil stuama ar bhealach marthanach ***lena gcothófaí an fás de réir a*** | (5) Ba cheart creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a oiriúnú chun ilchineálacht mhéadaithe na riochtaí fioscacha, na ndúshlán fiachais phoiblí agus leochaileachtaí eile ar fud na mBallstát a chur san áireamh níos fearr. Bhí an fhreagairt láidir bheartais ar ***phaindéim*** COVID-19 an-éifeachtach ***chun damáiste*** eacnamaíoch agus sóisialta na géarchéime a mhaolú, ach ***mar thoradh ar an ngéarchéim*** tháinig méadú suntasach ar chóimheasa fiachais ***na hearnála poiblí*** agus ***na hearnála príobháidí, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé*** cóimheasa fiachais a laghdú go leibhéil stuama ar bhealach ***céimseach,*** marthanach***, fabhrach don fhás*** agus ***cuimsitheach*** |

| | |
|---|---|
| ***chéile*** agus aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus aird chuí á tabhairt ar chuspóirí fostaíochta agus sóisialta. An ***tráth*** céanna, ba cheart creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a oiriúnú chun ***cuidiú*** le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha atá ***roimh an Aontas***, lena n-áirítear aistriú ***cothrom*** digiteach agus glas a bhaint amach, ***an Dlí Aeráide san áireamh***[22] , slándáil fuinnimh a áirithiú, ***neamhspleáchas straitéiseach oscailte,*** aghaidh a thabhairt ar ***an*** athrú déimeagrafach, athléimneacht eacnamaíoch ***agus shóisialta*** a neartú, agus an compás straitéiseach ***um shlándáil*** agus ***cosaint*** a chur chun feidhme, a bhfuil gá ag gach ceann acu le hathchóirithe agus ardleibhéil seasmhacha infheistíochta sna blianta amach romhainn. | ***agus*** aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ***chomh maith le tacú le cóineasú sóisialta aníos***, agus aird chuí á tabhairt ar chuspóirí fostaíochta agus sóisialta ***ardcháilíochta***. ***Ag*** an ***am*** céanna, ba cheart creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a oiriúnú chun ***cabhrú*** le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha atá ***os comhair an Aontais***, lena n-áirítear aistriú ***cóir*** digiteach agus glas a bhaint amach, ***lena n-áirítear Dlí Aeráide***[22] ***agus cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta***, slándáil fuinnimh***, uathriail straitéiseach oscailte*** a áirithiú, aghaidh a thabhairt ar athrú déimeagrafach, athléimneacht ***shóisialta agus*** eacnamaíoch a neartú, ***lena n-áirítear trí infheistíochtaí sóisialta a neartú,*** agus an compás straitéiseach ***don tslándáil*** agus ***don chosaint*** a chur chun feidhme, a bhfuil gá ag gach ceann acu le hathchóirithe agus ardleibhéil seasmhacha infheistíochta sna blianta amach romhainn. |
| [22] Socraítear leis an Dlí Aeráide Eorpach cuspóir aeráidneodrachta ar fud an Aontais faoi 2050 agus ceanglaítear ar institiúidí an Aontais agus Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh maidir le hacmhainneacht oiriúnúcháin a fheabhsú, ar gá infheistíocht shuntasach phoiblí chun tionchair dhiúltacha shocheacnamaíocha an athraithe aeráide a laghdú ar an Aontas agus a mBallstáit, lena n-áirítear tionchair dhiúltacha maidir le fás agus inbhuanaitheacht fhioscach. | [22] Socraítear leis an Dlí Aeráide Eorpach cuspóir aeráidneodrachta ar fud an Aontais faoi 2050 agus ceanglaítear ar institiúidí an Aontais agus Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh maidir le hacmhainneacht oiriúnúcháin a fheabhsú, ar gá infheistíocht shuntasach phoiblí chun tionchair dhiúltacha shocheacnamaíocha an athraithe aeráide a laghdú ar an Aontas agus a mBallstáit, lena n-áirítear tionchair dhiúltacha maidir le fás agus inbhuanaitheacht fhioscach. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Leis an nós imeachta faireachais iltaobhaigh a leagtar amach in Airteagal 121(2), (3) agus (4) agus in | (7) Leis an nós imeachta faireachais iltaobhaigh a leagtar amach in Airteagal 121(2), (3) agus (4) agus in |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Airteagal 148(4) CFAE ba cheart faireachán a dhéanamh i gcomhréir le rialacha níos mionsonraithe ar raon iomlán na bhforbairtí eacnamaíocha agus ***fostaíochta*** i ngach ceann de na Ballstáit agus san Aontas. Áirítear leis sin míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhrath agus míchothromaíochtaí iomarcacha a chosc agus a cheartú mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011[23] agus (AE) Uimh. 1176/2011[24] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus ***fostaíochta*** den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a ***chur isteach*** i bhfoirm pleananna fioscacha ***struchtúrtha*** meántéarmacha. | Airteagal 148(4) CFAE ba cheart faireachán a dhéanamh i gcomhréir le rialacha níos mionsonraithe ar raon iomlán na bhforbairtí eacnamaíocha***, fostaíochta*** agus ***sóisialta ábhartha*** i ngach ceann de na Ballstáit agus san Aontas***, atá nasctha leis na príomhspriocanna, lena n-áirítear dul chin cinn i dtreo na spriocanna náisiúnta, agus lena bpríomhtháscairí agus lena dtáscairí tánaisteacha de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta***. Áirítear leis sin míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhrath agus míchothromaíochtaí iomarcacha a chosc agus a cheartú mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011[23] agus (AE) Uimh. 1176/2011[24] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha***, fostaíochta*** agus ***cóineasaithe sóisialta*** den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a ***thíolacadh*** i bhfoirm pleananna ***struchtúracha*** fioscacha meántéarmacha. |
| [23] Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 8). | [23] Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 8). |
| [24] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25). | [24] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25). |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) D’fhonn cóineasú sóisialta aníos a*** |

| | |
|---|---|
| | ***chur chun cinn, déantar an nós imeachta um fhaireachas iltaobhach a leagtar amach in Airteagal 148(4) CFAE a chomhlánú le córas luathrabhaidh laistigh den Seimeastar Eorpach (an Creat um Chóineasú Sóisialta). Laistigh den Chreat um Chóineasú Sóisialta, sainaithníonn an Coimisiún i dtosach, de bhun Airteagal 148 CFAE, rioscaí do chóineasú aníos do na Ballstáit sa tuarascáil chomhpháirteach fostaíochta bunaithe ar phríomhtháscairí an scórchláir shóisialta. Sa dara céim, sainaithníonn an Coimisiún na Ballstáit a dteastaíonn tuilleadh scrúdaithe uathu agus foilsíonn sé na 'Tuarascálacha um Chóineasú Sóisialta' do na Ballstáit sin a sainaithníodh mar Bhallstáit a bhfuil rioscaí don chóineasú sóisialta aníos le sárú acu. Le conclúidí tírshonracha na ngníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh faoin gcreat nua, ba cheart go gcuirfí le breithniú an Choimisiúin ar thograí tírsonracha le haghaidh moltaí.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le hinneachar, ***cur isteach***, measúnú agus faireachán na bpleananna ***fioscacha struchtúrtha*** meántéarmacha náisiúnta, chun inbhuanaitheacht fiachais ***agus*** fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit agus cosc a chur ar easnaimh rialtais ***iomarcacha*** trí phleanáil mheántéarmach. | (8) Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le hinneachar, ***tíolacadh***, measúnú agus faireachán na bpleananna meántéarmacha ***buiséadacha*** náisiúnta, chun inbhuanaitheacht fiachais***,*** fás inbhuanaithe agus cuimsitheach ***agus cóineasú sóisialta aníos*** a chur chun cinn sna Ballstáit agus cosc a chur ar easnaimh ***iomarcacha*** rialtais ***tarlú*** trí phleanáil mheántéarmach. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta ba cheart na hathchóirithe fioscacha agus struchtúrtha agus na gealltanais infheistíochta atá ag gach Ballstát a thabhairt le chéile agus ba cheart na pleananna sin a bheith ***ina mbunchloch le creat*** rialachais eacnamaíoch an Aontais. Ba cheart do gach Ballstát plean meántéarmach a chur isteach ina leagtar amach a chonair fhioscach chomh maith le gealltanais infheistíochta phoiblí agus athchóirithe tosaíochta lena n-áirithítear le chéile laghdú marthanach de réir a chéile ar fhiach agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, lena seachnaítear beartas fioscach comh-thimthriallach, chomh maith le gealltanais athchóirithe agus infheistíochta níos leithne, lena n-áirítear i ndáil leis na haistrithe glasa agus digiteacha, athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch agus cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Le linn shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[25] , ba cheart na gealltanais a rinneadh sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta náisiúnta a chur san áireamh go cuí. | (9) Sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta ba cheart na hathchóirithe fioscacha agus struchtúrtha agus na gealltanais infheistíochta atá ag gach Ballstát a thabhairt le chéile agus ba cheart na pleananna sin a bheith ***mar bhunchloch do chreat*** rialachais eacnamaíoch ***agus shóisialta*** an Aontais. Ba cheart do gach Ballstát plean meántéarmach a chur isteach ina leagtar amach a chonair fhioscach chomh maith le gealltanais infheistíochta phoiblí agus athchóirithe tosaíochta lena n-áirithítear le chéile laghdú marthanach de réir a chéile ar fhiach agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, lena seachnaítear beartas fioscach comh-thimthriallach, chomh maith le gealltanais athchóirithe agus infheistíochta níos leithne, lena n-áirítear i ndáil leis na haistrithe glasa agus digiteacha, athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch agus cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta***, lena n-áirítear na spriocanna gaolmhara maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú bochtaineachta faoi 2030[1a]***. Le linn shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[25] , ba cheart na gealltanais a rinneadh sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta náisiúnta a chur san áireamh go cuí. |
| ______________ | ______________ |
| | ***[25a] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal The European Pillar of Social Rights Action Plan [Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] an 4 Márta 2021 (COM/2021/0102).*** |
| [25] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta | [25] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta |

| | |
|---|---|
| (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17). | (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17). |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Déantar cistí beartais chomhtháthaithe a shioncrónú freisin le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Mar bheartas infheistíochta fadtéarmach bhuiséad an Aontais, ba cheart infheistíochtaí agus athchóirithe sa bheartas comhtháthaithe a chur san áireamh go cuí freisin agus na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta á dtarraingt suas. Ba cheart do gach Ballstát a mhíniú freisin conas a áiritheoidh a phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta comhsheasmhacht leis an gcaiteachas ar chláir de chuid an Aontais arna mheaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais agus leis an gcómhaoiniú náisiúnta ábhartha. | (10) Déantar cistí beartais chomhtháthaithe a shioncrónú freisin le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Mar bheartas infheistíochta fadtéarmach bhuiséad an Aontais, ba cheart ***neartú an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh, agus*** infheistíochtaí agus athchóirithe sa bheartas comhtháthaithe a chur san áireamh go cuí freisin agus na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta á dtarraingt suas. Ba cheart do gach Ballstát a mhíniú freisin conas a áiritheoidh a phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta comhsheasmhacht leis an gcaiteachas ar chláir de chuid an Aontais arna mheaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais agus leis an gcómhaoiniú náisiúnta ábhartha. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Chun ***treoraíocht*** a thabhairt do na Ballstáit agus iad ag dréachtú a bplean fhioscaigh struchtúrtha meántéarmach, ba cheart don Choimisiún conair theicniúil a chur ar aghaidh a bheidh bunaithe ar an gcoigeartú fioscach íosta a thugann conair fiachais an Bhallstáit anuas ar bhealach inchreidte nó a choinníonn fiacha ar leibhéal stuama. Ba cheart dó a áirithiú freisin go laghdófar an cóimheas fiachais | (13) Chun ***treoir*** a thabhairt do na Ballstáit agus iad ag dréachtú a bplean fhioscaigh struchtúrtha meántéarmach, ba cheart don Choimisiún conair theicniúil a chur ar aghaidh a bheidh bunaithe ar an gcoigeartú fioscach íosta a thugann conair fiachais an Bhallstáit anuas ar bhealach inchreidte nó a choinníonn fiacha ar leibhéal stuama***, agus na hinfheistíochtaí spriocdhírithe a theastaíonn chun*** |

phoiblí ag deireadh na tréimhse pleanála faoi bhun a leibhéil sa bhliain roimh thús na conaire teicniúla. ***Ba cheart inbhuanaitheacht an laghdaithe fiachais sin a bheith mar thoradh ar bheartais fhioscacha iomchuí.***

***tosaíochtaí coiteanna an Aontais a bhaint amach á gcur san áireamh ag an am céanna***. Ba cheart dó a áirithiú freisin go laghdófar an cóimheas fiachais phoiblí ag deireadh na tréimhse pleanála faoi bhun a leibhéil sa bhliain roimh thús na conaire teicniúla.

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Chun laghdú fiachais de réir a chéile a áirithiú, féadfar an tréimhse choigeartaithe a fhadú 3 bliana ar a mhéad má chuireann an Ballstát bonn taca faoina phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach le sraith athchóirithe agus infheistíochtaí infhíoraithe agus faoi cheangal ama a dhéanann na nithe seo a leanas nuair a chuirtear le chéile iad: a ***chuireann leis an bhfás***, a thacaíonn le hinbhuanaitheacht fhioscach, a thugann aghaidh ar chomh-thosaíochtaí an Aontais, a thugann aghaidh ar mholtaí tírshonracha a dhírítear chuig an mBallstát faoin Seimeastar Eorpach, agus a thugann aghaidh ar na tosaíochtaí infheistíochta tírshonracha gan ciorruithe ar infheistíocht phoiblí eile arna maoiniú go náisiúnta a bheith mar thoradh air thar an tréimhse choigeartaithe chun tionchar maicreacnamaíoch na n-infheistíochtaí a áirithiú agus chun plódú tosaíochtaí infheistíochta eile a sheachaint. | (22) Chun laghdú fiachais de réir a chéile a áirithiú, féadfar an tréimhse choigeartaithe a fhadú 3 bliana ar a mhéad má chuireann an Ballstát bonn taca faoina phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach le sraith athchóirithe agus infheistíochtaí infhíoraithe agus faoi cheangal ama a dhéanann na nithe seo a leanas nuair a chuirtear le chéile iad: ***fás inbhuanaithe agus cuimsitheach*** a ***fheabhsú***, ***cóineasú sóisialta aníos*** a ***chur chun cinn, a*** thacaíonn le hinbhuanaitheacht fhioscach, a thugann aghaidh ar chomh-thosaíochtaí an Aontais, a thugann aghaidh ar mholtaí tírshonracha a dhírítear chuig an mBallstát faoin Seimeastar Eorpach, agus a thugann aghaidh ar na tosaíochtaí infheistíochta tírshonracha gan ciorruithe ar infheistíocht phoiblí eile arna maoiniú go náisiúnta***,lena n-áirítear infheistíochtaí sóisialta,*** a bheith mar thoradh air thar an tréimhse choigeartaithe chun tionchar maicreacnamaíoch na n-infheistíochtaí a áirithiú agus chun plódú tosaíochtaí infheistíochta eile a sheachaint. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagtar amach sa Rialachán seo na rialacha lena n-áirithítear comhordú éifeachtach bheartais eacnamaíocha na mBallstát, a dtugtar tacaíocht leo, dá réir sin, do ghnóthú chuspóirí an Aontais i ndáil le fás agus fostaíocht. | Leagtar amach sa Rialachán seo na rialacha lena n-áirithítear comhordú éifeachtach bheartais eacnamaíocha na mBallstát, a dtugtar tacaíocht leo, dá réir sin, do ghnóthú chuspóirí an Aontais i ndáil le fás ***inbhuanaithe*** agus ***cuimsitheach agus*** fostaíocht ***ardcháilíochta a bhaint amach***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagtar síos ann rialacha mionsonraithe ***a bhaineann*** le hábhar, ***le cur isteach, le*** measúnú agus ***le*** faireachán i ndáil le pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta mar chuid d'fhaireachas buiséadach ***iltaobhach*** ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún ***ionas go gcuirfear*** inbhuanaitheacht fiachais ***agus*** fás inbhuanaithe agus cuimsitheach chun cinn sna Ballstáit agus go gcuirfear bac ar chásanna d'easnaimh iomarcacha rialtais, trí phleanáil mheántéarmach a dhéanamh. | Leagtar síos ann rialacha mionsonraithe ***maidir*** le hábhar, ***tíolacadh,*** measúnú agus faireachán i ndáil le pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta mar chuid d'fhaireachas ***iltaobhach*** buiséadach ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún ***chun*** inbhuanaitheacht fiachais***,*** fás inbhuanaithe agus cuimsitheach ***agus cóineasú sóisialta aníos a chur*** chun cinn sna Ballstáit agus go gcuirfear bac ar chásanna d'easnaimh iomarcacha rialtais, trí phleanáil mheántéarmach a dhéanamh***, agus na hinfheistíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta spriocdhírithe á n-áirithiú ag an am céanna, i gcomhréir le tosaíochtaí coiteanna an Aontais***. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun comhordú níos dlúithe ***i leith beartais*** eacnamaíocha agus cóineasú ***marthanach i bhfeidhmíocht*** eacnamaíoch agus ***sóisialta*** na mBallstát a áirithiú, déanfaidh an Chomhairle agus an | Chun comhordú níos dlúithe ***ar bheartais*** eacnamaíocha agus ***fostaíochta agus*** cóineasú ***aníos ar fheidhmíocht*** eacnamaíoch agus ***shóisialta*** na mBallstát a áirithiú ***i gcomhréir le tosaíochtaí*** |

| | |
|---|---|
| Coimisiún faireachas iltaobhach laistigh den Seimeastar Eorpach i gcomhréir leis na cuspóirí agus ceanglais a leagtar amach ***i*** CFAE. Beidh an faireachas iltaobhach bunaithe ar staidreamh ardcháilíochta agus neamhspleách, arna dtáirgeadh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | ***coiteanna an Aontais***, déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach laistigh den Seimeastar Eorpach i gcomhréir leis na cuspóirí agus ***na*** ceanglais a leagtar amach ***in*** CFAE. Beidh an faireachas iltaobhach bunaithe ar staidreamh ardcháilíochta agus neamhspleách, arna dtáirgeadh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***foirmiú*** chur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta atá le cur san áireamh ag na Ballstáit, agus an faireachas a dhéantar ar an gcur chun feidhme sin, i gcomhréir le hAirteagal 148(2) CFAE, ***lena n-áirítear*** Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus ***foirmiú*** chur chun feidhme na moltaí gaolmhara tírshonracha agus an ***faireachas a dhéantar ar an gcur chun feidhme sin;*** | (b) ***foirmliú*** chur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta atá le cur san áireamh ag na Ballstáit, agus an faireachas a dhéantar ar an gcur chun feidhme sin, i gcomhréir le hAirteagal 148(2) CFAE, ***chomh maith le*** Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ***agus a phríomhspriocanna***, agus ***foirmliú*** chur chun feidhme na moltaí gaolmhara tírshonracha ***chomh maith leis an scórchlár sóisialta*** agus ***na príomhtháscairí agus na táscairí tánaisteacha a ghabhann leis, agus*** an ***Creat um Chóineasú Sóisialta chun rioscaí cóineasaithe shóisialta a chosc agus a shainaithint.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás inar ghá sin a dhéanamh, agus tar éis don mheasúnú a bheith déanta de bhun an Rialacháin seo ar na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha, ar na tuarascálacha ilbhliantúla ar dhul chun | 1. I gcás inar ghá sin a dhéanamh, agus tar éis don mheasúnú a bheith déanta de bhun an Rialacháin seo ar na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha, ar na tuarascálacha ilbhliantúla ar dhul chun |

| | |
|---|---|
| cinn agus ar staideanna socheacnamaíocha na mBallstát lena mbaineann, cuirfidh an Chomhairle, ar bhonn moltaí ón gCoimisiún, moltaí faoi bhráid na mBallstát sin agus an leas is fearr is féidir á bhaint aici as na hionstraimí dlí a sholáthraítear in Airteagail 121 agus 148 CFAE agus as an reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar. | cinn agus ar staideanna socheacnamaíocha na mBallstát lena mbaineann, cuirfidh an Chomhairle, ar bhonn moltaí ón gCoimisiún, moltaí faoi bhráid na mBallstát sin agus an leas is fearr is féidir á bhaint aici as ***Colún Eorpach*** na ***gCeart Sóisialta agus as na*** hionstraimí dlí a sholáthraítear in Airteagail 121 agus 148 CFAE agus as an reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) moladh ón gComhairle bunaithe ar thogra ón gCoimisiún de bhun Airteagal 148(4) CFAE nó lena léirítear torthaí an Chreata um Chóineasú Sóisialta;*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an réamhfhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus na toimhdí a ghabhann leis; | (b) an réamhfhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus na toimhdí a ghabhann leis; ***an réamhaisnéis rioscaí sóisialta agus na toimhdí a ghabhann leis;*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfar tuairisc freisin sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach | Tabharfar tuairisc freisin sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach |

| | |
|---|---|
| náisiúnta ar na gníomhaíochtaí a rinne an Ballstát lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha, lena n-áirítear na moltaí is ábhartha maidir leis an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, agus na rabhaidh ón gCoimisiún, i gcás inarb infheidhme, nó na moltaí ón gComhairle, i gcás inarb infheidhme, arna ndéanamh de bhun Airteagal 121(4) CFAE. | náisiúnta ar na gníomhaíochtaí a rinne an Ballstát lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha, lena n-áirítear na moltaí is ábhartha maidir leis an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, ***chomh maith leis na dúshláin arna sainaithint sna Tuarascálacha um Chóineasú Sóisialta faoin gCreat um Chóineasú Sóisialta,*** agus na rabhaidh ón gCoimisiún, i gcás inarb infheidhme, nó na moltaí ón gComhairle, i gcás inarb infheidhme, arna ndéanamh de bhun Airteagal 121(4) CFAE ***agus Airteagal 148(4) CFAE***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***míneofar*** an chaoi a n-áiritheofar soláthar infheistíochta agus athchóirithe, ag freagairt do na príomhdhúshláin arna sainaithint laistigh den Seimeastar Eorpach, sna moltaí tírshonracha, ceartófar na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha más infheidhme, agus tabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI den Rialachán seo, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an Deacáid Dhigiteach, agus beidh ann do chomhsheasmhacht leis na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide nuashonraithe agus leis na Treochláir don Deacáid Dhigiteach; | (b) ***measúnú a dhéanamh ar na bearnaí infheistíochta poiblí náisiúnta chun na tosaíochtaí coiteanna a bhaint amach; ar*** an ***mbonn sin, forálfar leis an gcoigeartú fioscach atá beartaithe go mbeifear in ann an infheistíocht shóisialta is gá a dhéanamh chun prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. Ina theannta sin, míneoidh sé an*** chaoi a n-áiritheofar soláthar infheistíochta agus athchóirithe, ag freagairt do na príomhdhúshláin arna sainaithint laistigh den Seimeastar Eorpach, sna moltaí tírshonracha, ceartófar na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha más infheidhme, ***ceartófar na rioscaí sainaitheanta maidir le cóineasú sóisialta faoin gCreat um Chóineasú Sóisialta más infheidhme,*** agus tabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI den Rialachán seo, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta***, lena n-*** |

***áirítear spriocanna gaolmhara maidir le fostaíocht, oiliúint*** agus ***laghdú na bochtaineachta faoi 2030, agus*** an Deacáid Dhigiteach, agus beidh ann do chomhsheasmhacht leis na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide nuashonraithe agus leis na Treochláir don Deacáid Dhigiteach; ***Ina theannta sin, míneoidh sé conas a rannchuidíonn sé le cur chun feidhme na mór-threoirlínte do bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus leis na treoirlínte fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 121(2) agus le hAirteagal 148(2) CFAE;***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) míneofar an próiseas comhairliúcháin, a dhéantar i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, idir údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear ionchur na ngeallsealbhóirí sa phlean agus sa phróiseas cur chun feidhme; agus*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 2 – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) tabharfar aghaidh leo ar mholtaí ábhartha tírshonracha a cuireadh faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha; | (iv) tabharfar aghaidh leo ar mholtaí ábhartha tírshonracha a cuireadh faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann, ***faoi Airteagal 121(4) agus Airteagal 148(4) CFAE*** lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha***, agus faoin gCreat*** |

| | |
|---|---|
| | ***um Chóineasú Sóisialta***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, moladh ina leagtar amach conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann agus, más infheidhme, déanfaidh sí an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta a fhormhuiniú atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe a áirítear ina phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta ***laistigh de 4 sheachtaine tar éis*** ghlacadh an mholadh ón gCoimisiún mar riail. | Glacfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, ***agus tar éis di dul i gcomhairle leis na coistí comhairleacha ábhartha arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 26,*** moladh ina leagtar amach conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann agus, más infheidhme, déanfaidh sí an tsraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta a fhormhuiniú atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe a áirítear ina phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta ***idir sé seachtaine agus deich seachtaine ó*** ghlacadh an mholadh ón gCoimisiún mar riail. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann ***an Chomhairle*** nach gcomhlíonann an plean na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15 (2) agus (3) pointe (a), molfaidh ***sí***, ar mholadh ón gCoimisiún, go ***gcuirfidh*** an Ballstát lena mbaineann plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe ***isteach***. | I gcás ina measann ***sí*** nach gcomhlíonann an plean na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15 (2) agus (3) pointe (a) ***agus (b)***, molfaidh ***an Chomhairle***, ar mholadh ón gCoimisiún, ***agus tar éis di dul i gcomhairle leis na coistí comhairleacha ábhartha a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 26,*** go ***dtiolacfaidh*** an Ballstát lena mbaineann plean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn dá dtagraítear i mír 1 beidh faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na conaire glanchaiteachais go háirithe, faoi chur chun feidhme gealltanas athchóirithe agus infheistíochta níos leithne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus, más infheidhme, ***i gcur*** chun feidhme na sraithe ***de ghealltanais*** athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca ***faoi shíneadh na*** tréimhse ***coigeartaithe***. | 2. Sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn dá dtagraítear i mír 1 beidh faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na conaire glanchaiteachais go háirithe, faoi chur chun feidhme gealltanas athchóirithe agus infheistíochta níos leithne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ***lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le spriocanna an Aontais*** agus ***spriocanna náisiúnta maidir le fostaíocht***, ***oiliúint agus laghdú bochtaineachta faoi 2030, chomh maith le tosaíochtaí coiteanna an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI, agus,*** más infheidhme, ***maidir le cur*** chun feidhme na sraithe ***gealltanas*** athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca ***le síneadh a chur leis an*** tréimhse ***choigeartúcháin***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha uile dá dtagraítear in Airteagal 8 den Treoir ón gComhairle [...][32] [maidir leis na creataí buiséadacha náisiúnta]***, tuairim a sholáthar maidir le comhlíontacht na sonraí táirgeachta buiséadacha arna dtuairisciú sa tuarascáil ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 20 leis an gconair ghlanchaiteachais. I gcás inarb infheidhme, déanfaidh gach institiúid fioscach neamhspleách náisiúnta anailís freisin ar na tosca atá taobh thiar de dhiall ón gconair ghlanchaiteachais.*** | Déanfaidh na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha uile dá dtagraítear in Airteagal 8 den Treoir ón gComhairle [...][32] [maidir leis na creataí buiséadacha náisiúnta] ***na nithe seo a leanas:*** |
| | ***(a) measúnú a sholáthar ar chomhlíonadh na sonraí maidir le olltoradh buiséid arna dtuairisciú sa tuarascáil ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán*** |

***seo leis an gconair ghlanchaiteachais;***

***(b) i gcás inarb infheidhme, anailís a dhéanamh freisin ar na fachtóirí is bunús le diall ón gconair ghlanchaiteachais;***

***(c) measúnú a sholáthar ar an tionchar sóisialta a bhíonn ag roghanna beartais coigeartaithe fhioscaigh.***

[32] Treoir ón gComhairle […] an […] [lena leasaítear Treoir 2011/85/AE ón gComhairle maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát] (IO…., …, lch,…)

[32] Treoir ón gComhairle […] an […] [lena leasaítear Treoir 2011/85/AE ón gComhairle maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát] (IO…., …, lch,…)

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh Parlaimint na hEorpa páirteach go cuí sa Seimeastar Eorpach chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar úinéireacht na gcinntí a ghlactar, agus ar chuntasacht i leith na gcinntí sin, go háirithe trí bhíthin idirphlé eacnamaíoch. Rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch, leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh i gcás inarb iomchuí sin. Beidh na páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach, faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, maidir leis na príomh-shaincheisteanna beartais i gcás inarb iomchuí sin, i gcomhréir le forálacha an CFAE agus le socruithe dlíthiúla agus polaitiúla náisiúnta. | Beidh Parlaimint na hEorpa páirteach go cuí sa Seimeastar Eorpach chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar úinéireacht na gcinntí a ghlactar, agus ar chuntasacht i leith na gcinntí sin, go háirithe trí bhíthin idirphlé eacnamaíoch ***agus fostaíochta chomh maith le tosaíochtaí beartais mhaicreacnamaíoch agus shóisialta a leagan síos***. Rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch, leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh i gcás inarb iomchuí sin. ***Rachfar i gcomhairle freisin le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún laistigh den Seimeastar Eorpach i gcás inarb iomchuí.*** Beidh na páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta ***agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta***, rannpháirteach, faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, maidir leis na príomh-shaincheisteanna beartais i gcás inarb iomchuí sin, i gcomhréir le forálacha an CFAE agus le socruithe dlíthiúla agus |

polaitiúla náisiúnta.

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú, féadfaidh Parlaimint na hEorpa a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle, ar an gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó ar Uachtarán an Ghrúpa Euro láithriú os a comhair chun idirphlé a dhéanamh ar an treoraíocht bheartais arna heisiúint ag an gCoimisiún do na Ballstáit, ar na conclúidí ar ar tháinig an Chomhairle Eorpach agus ar thorthaí an fhaireachais iltaobhaigh a rinneadh faoin Rialachán seo. | Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú, féadfaidh Parlaimint na hEorpa a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle, ar an gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó ar Uachtarán an Ghrúpa Euro láithriú os a comhair chun idirphlé a dhéanamh ar an treoraíocht bheartais arna heisiúint ag an gCoimisiún do na Ballstáit, ar na conclúidí ar ar tháinig an Chomhairle Eorpach agus ar thorthaí an fhaireachais iltaobhaigh a rinneadh faoin Rialachán seo***, lena n-áirítear córais luathrabhaidh arna mbunú de bhunn Airteagal 121(4) agus Airteagal 148 CFAE***. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh coistí inniúla Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún na nithe seo a leanas a phlé:*** |
| | ***(a) measúnú réamh-mheasta meántéarmach an Choimisiúin ar fhiachas poiblí ar na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta, chomh maith leis an anailís ar inbhuanaitheacht fiachais;*** |
| | ***(b) measúnú ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit sna tuarascálacha*** |

| | |
|---|---|
| | ***bliantúla ar dhul chun cinn;*** |
| | ***(c) measúnú ar an tacar gealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin;*** |
| | ***(d) meastóireacht ar na moltaí tírshonracha agus rioscaí maidir le cóineasú sóisialta, agus ar an dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Faisnéis faoi dhliteanais intuigthe ***a bhaineann le haosú,*** agus faoi dhliteanais theagmhasacha a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar bhuiséid an rialtais, lena n-áirítear ráthaíochtaí rialtais, iasachtaí neamhthuillmheacha, agus dliteanais a eascraíonn as oibriú corparáidí poiblí, lena n-áirítear a mhéid, agus na costais ionchasacha agus oibleagáidí a eascraíonn as cásanna cúirte agus, a mhéid is féidir, faisnéis faoi dhliteanais theagmhasacha ó thubaiste agus aeráide. | (d) Faisnéis faoi dhliteanais intuigthe agus faoi dhliteanais theagmhasacha a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar bhuiséid an rialtais, lena n-áirítear ráthaíochtaí rialtais, iasachtaí neamhthuillmheacha, agus dliteanais a eascraíonn as oibriú corparáidí poiblí, lena n-áirítear a mhéid, agus na costais ionchasacha agus oibleagáidí a eascraíonn as cásanna cúirte agus, a mhéid is féidir, faisnéis faoi dhliteanais theagmhasacha ó thubaiste agus aeráide. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) ***I*** gcás ina n-úsáideann an Ballstát toimhdí dá dtagraítear faoi phointe (e) atá éagsúil ó thoimhdí an Choimisiúin thar thréimhse coigeartaithe an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta agus na tréimhse 10 mbliana ina dhiaidh sin in éagmais tuilleadh beart | (f) ***II*** gcás ina n-úsáideann an Ballstát toimhdí dá dtagraítear faoi phointe (e) atá éagsúil ó thoimhdí an Choimisiúin thar thréimhse coigeartaithe an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta agus na tréimhse 10 mbliana ina dhiaidh sin in éagmais tuilleadh beart |

| | |
|---|---|
| buiséadach, mínithe cuí agus fírinnithe bunaithe ar argóintí eacnamaíocha fónta ar na difríochtaí sin. | buiséadach, mínithe cuí agus fírinnithe bunaithe ar argóintí eacnamaíocha ***agus sóisialta*** fónta ar na difríochtaí sin. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) Anailís ar an gcaoi a ndéanfadh athruithe ***ar na*** príomhthoimhdí eacnamaíocha difear do ***riocht buiséadach*** agus fiachais an Bhallstáit. | (g) Anailís ar an gcaoi a ndéanfadh athruithe ***sna*** príomhthoimhdí eacnamaíocha ***agus sóisialta*** difear do ***staid bhuiséadach*** agus fiachais an Bhallstáit ***chomh maith le baint amach na spriocanna náisiúnta, nasctha le príomhspriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a bpríomhtháscairí tánaisteacha agus tosaíochtaí coiteanna an Aontais***. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) Más infheidhme, na cúiseanna cuí-réasúnaithe (le hargóintí eacnamaíocha fónta agus infhíoraithe ábhartha) le himeacht ón gconair theicniúil a chuir an Coimisiún ar aghaidh. | (h) Más infheidhme, na cúiseanna cuí-réasúnaithe (le hargóintí eacnamaíocha ***agus sóisialta*** fónta agus infhíoraithe ábhartha) le himeacht ón gconair theicniúil a chuir an Coimisiún ar aghaidh. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) Caiteachas iomlán infheistíochta poiblí, chomh maith le hathchóirithe agus caiteachas infheistíochta poiblí a thugann aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an | (j) Caiteachas iomlán infheistíochta poiblí, chomh maith le hathchóirithe agus caiteachas infheistíochta poiblí a thugann aghaidh ar ***gach ceann de*** thosaíochtaí |

Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI. | comhchoiteanna an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI.

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) Más infheidhme, faisnéis faoi ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta shonracha, faoi cheangal ama agus infhíoraithe atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartúcháin de bhun Airteagal 13, amlíne dá chur chun feidhme, chomh maith le hargóintí eacnamaíocha fónta go gcomhlíonann na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta sin na critéir faoi Airteagal 13 agus na critéir mheasúnaithe in Iarscríbhinn VII á gcur san áireamh. | (k) Más infheidhme, faisnéis faoi ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta shonracha, faoi cheangal ama agus infhíoraithe atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartúcháin de bhun Airteagal 13, amlíne dá chur chun feidhme, chomh maith le hargóintí eacnamaíocha ***agus sóisialta*** fónta go gcomhlíonann na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta sin na critéir faoi Airteagal 13 agus na critéir mheasúnaithe in Iarscríbhinn VII á gcur san áireamh. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (l) Cainníochtú, a ***oiread agus*** is féidir, ***maidir leis*** na ***tionchair lena bhfuil coinne i leith na*** n-athchóirithe agus na hinfheistíochta dá dtagraítear faoi phointe (k) ar inbhuanaitheacht fhioscach, ar fhás agus ar fhostaíocht, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le modheolaíochtaí a comhaontaíodh ***go coitianta***. | (l) Cainníochtú, a ***mhéid*** is féidir, ***ar thionchair ionchasacha*** na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta dá dtagraítear faoi phointe (k) ar inbhuanaitheacht fhioscach, ar fhás agus ***iomaíochas atá inbhuanaithe agus cuimsitheach agus*** ar fhostaíocht ***ardcháilíochta chomh maith le cóineasú sóisialta aníos***, i gcás inarb infheidhme***,*** i gcomhréir le modheolaíochtaí a comhaontaíodh ***i gcoiteann***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe n a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(na) Más infheidhme, athchóirithe agus infheistíochtaí chun na rioscaí a sainaithníodh sa Chreat um Chóinseasú Sóisialta maidir le cóineasú sóisialta a cheartú.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe p**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (p) I gcás na mBallstát a bhfuil dúshláin fiachais phoiblí ísle acu ach ***a bhfuil*** dliteanais mhóra intuigthe ***acu mar gheall ar aosú an daonra, sa chonair*** ghlanchaiteachais náisiúnta agus ***sna*** hathchóirithe sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta ***ba cheart aird chuí a thabhairt ar dhúshláin maidir*** le hinbhuanaitheacht fhioscach ***fhadtéarmach*** an airgeadais phoiblí. | (p) I gcás na mBallstát a bhfuil dúshláin fiachais phoiblí ísle acu ach dliteanais mhóra intuigthe***, ba cheart aird chuí a thabhairt, le conair an*** ghlanchaiteachais náisiúnta agus ***leis na*** hathchóirithe sna pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta***, ar na dúshláin fhadtéarmacha a bhaineann*** le hinbhuanaitheacht fhioscach an airgeadais phoiblí ***chomh maith le rioscaí cóineasaithe sóisialta mar a bunaíodh san fhaireachán is déanaí***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe q**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (q) Faisnéis ar chomhairliúcháin na gcomhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile d’fhonn an plean a ullmhú. | (q) Faisnéis ar chomhairliúcháin ***éifeachtach*** na gcomhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile d’fhonn an plean a ullmhú. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Comparáid ó thús an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta idir na réamh-mheastacháin ar na príomh-athróga eacnamaíocha a cuireadh isteach sa phlean sin agus na sonraí olltoraidh le haghaidh na n-athróg sin, chomh maith leis na himpleachtaí maidir le comhlíontacht na conaire glanchaiteachais a leag an Chomhairle síos agus na himpleachtaí ar chonair réamh-mheasta an chóimheasa fiachais phoiblí arna thuairisciú sa phlean sin. | (b) Comparáid ó thús an phlean fhioscaigh struchtúrtha mheántéarmaigh náisiúnta idir na réamh-mheastacháin ar na príomh-athróga eacnamaíocha ***agus shóisialta*** a cuireadh isteach sa phlean sin agus na sonraí olltoraidh le haghaidh na n-athróg sin, chomh maith leis na himpleachtaí maidir le comhlíontacht na conaire glanchaiteachais a leag an Chomhairle síos agus na himpleachtaí ar chonair réamh-mheasta an chóimheasa fiachais phoiblí arna thuairisciú sa phlean sin***, chomh maith le comhlíonadh bhaint amach na spriocanna náisiúnta atá nasctha le príomhspriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta***. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) Na príomhthoimhdí maidir le forbairtí eacnamaíocha lena bhfuil coinne agus na príomh-athróga eacnamaíocha do na blianta ina dhiaidh sin den tréimhse ***choigeartaithe***, lena n-áirítear an cóimheas fiachais phoiblí. | (h) Na príomhthoimhdí maidir le forbairtí eacnamaíocha lena bhfuil coinne agus na príomh-athróga eacnamaíocha ***agus sóisialta*** do na blianta ina dhiaidh sin den tréimhse ***choigeartúcháin***, lena n-áirítear an cóimheas fiachais phoiblí. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (l) Anailís ar éabhlóid na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha arna sainaithint faoin Nós Imeachta um ***Míchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch*** agus ar an tionchar ***orthu atá ag cur*** chun feidhme na n-athchóirithe agus na | (l) Anailís ar éabhlóid na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha arna sainaithint faoin Nós Imeachta um ***Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha chomh maith leis na rioscaí maidir le cóineasú sóisialta arna sainaithint faoin*** |

| | |
|---|---|
| hinfheistíochta ábhartha arna dtuairisciú sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta i gcomhréir le ***hIarscríbhinn II, pointe*** (n), i gcás inarb infheidhme. | ***gCreat um Chóineasú Sóisialta*** agus ar an tionchar ***a bheidh acu ar chur*** chun feidhme na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta ábhartha arna dtuairisciú sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta i gcomhréir le ***hIarscríbhinn II, pointe*** (n) ***agus pointe (o)***, i gcás inarb infheidhme. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) Faisnéis ar fhorbairtí sa mhargadh saothair, scileanna agus beartais shóisialta, agus ar chur chun feidhme beart beartais arna nglacadh lena gcothaítear cóineasú sóisialta aníos i measc na mBallstát i dtreo dálaí oibre agus maireachtála níos fearr, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus na dTreoirlínte Fostaíochta faoi Airteagal 148 CFAE. Áirítear leis sin an tionchar lena bhfuil coinne ó bhearta, i ndáil le dul chun cinn ar na spriocanna náisiúnta maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta faoi 2030. | (n) Faisnéis ar fhorbairtí sa mhargadh saothair, scileanna agus beartais shóisialta, agus ar chur chun feidhme beart beartais arna nglacadh lena gcothaítear cóineasú sóisialta aníos i measc na mBallstát i dtreo dálaí oibre agus maireachtála níos fearr, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus na dTreoirlínte Fostaíochta faoi Airteagal 148 CFAE ***agus faoin gCreat um Chóineasú Sóisialta***. Áirítear leis sin an tionchar lena bhfuil coinne ó bhearta, i ndáil le dul chun cinn ar na spriocanna náisiúnta maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta faoi 2030***, agus más infheidhme, an tionchar a mheastar a bheidh ag bearta chun rioscaí cóineasaithe sóisialta arna sainaithint faoin gCreat um Chóineasú Sóisialta a cheartú***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe oa (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(o a) Faisnéis ar chomhairliúcháin na gcomhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara*** |

| | |
|---|---|
| | ***ábhartha eile d'fhonn an tuarascáil a ullmhú.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – pointe 2 – mír 2 – pointe 2.1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2.1 Cuireann na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta leis an bhfás; | 2.1 Cuireann na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta leis an bhfás ***inbhuanaithe. Meastar go mbeidh dul chun cinn leordhóthanach i dtreo na spriocanna náisiúnta i gceist leis an tacar gealltanas athchóirithe agus infheistíochta, atá nasctha le príomhspriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a bpríomhtháscairí agus a dtáscairí tánaisteacha***; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – pointe 2 – mír 2 – pointe 2.2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2.2a Tacaíonn an tacar gealltanas athchóirithe agus infheistíochta le cóineasú sóisialta aníos;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – pointe 2 – mír 2 – pointe 2.4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2.4 Tugtar aghaidh sna gealltanais athchóirithe agus infheistíochta, nuair a chuirtear le chéile iad, ar mholtaí tírshonracha, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch; | 2.4 Tugtar aghaidh sna gealltanais athchóirithe agus infheistíochta, nuair a chuirtear le chéile iad, ar mholtaí tírshonracha ***faoi Airteagal 121(4) agus Airteagal 148(4)***, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – pointe 2 – mír 2 – pointe 2.4 – fleasc I**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – ***Tá coinne leis*** go dtabharfar aghaidh ar ***dhúshláin a shainaithnítear*** sna moltaí tírshonracha***, nuair a chuirtear le chéile iad, leis na gealltanais*** ábhartha ***athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe***, lena n-áirítear na moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um ***Míchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch*** i gcás inarb infheidhme, agus ***an*** raon feidhme agus scála na ndúshlán tírshonrach agus na ***gealltanais a tugadh*** faoi na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, i gcás inarb ábhartha***, á chur san áireamh***; | – ***Táthar ag súil*** go dtabharfar aghaidh ar ***na dúshláin arna sainaithint*** sna moltaí tírshonracha ábhartha, lena n-áirítear na moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um ***Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha*** i gcás inarb infheidhme ***agus lena n-áirítear na moltaí arna n-eisiúint de bhun Airteagal 148(4) CFAE nó cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta leis an tacar de ghealltanais ábhartha athchóirithe agus infheistíochta***, ***lena n-áirítear na moltaí arna n-eisiúint de bhun Airteagal 148(4) CFAE*** agus raon feidhme agus scála na ndúshlán tírshonrach agus na ***ngealltanas arna ndéanamh*** faoi na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta ***á gcur san áireamh***, i gcás inarb ábhartha; |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2023)0240 – C9-0150/2023 – 2023/0138(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>12.6.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL<br>12.6.2023 |
| **Coistí comhlachaithe – dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 14.9.2023 |
| **Rapporteur for the opinion**<br>Dáta an cheapacháin | Gabriele Bischoff<br>29.6.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 2.10.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 25.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 4<br>0: 10 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Marc Angel, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Milan Brglez, Jordi Cañas, David Casa, Ilan De Basso, Margarita de la Pisa Carrión, Özlem Demirel, Klára Dobrev, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Helmut Geuking, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Stelios Kympouropoulos, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Sara Matthieu, Max Orville, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Elżbieta Rafalska, Daniela Rondinelli, Pirkko Ruohonen-Lerner, Monica Semedo, Romana Tomc, Nikolaj Villumsen, Marianne Vind, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Aurore Lalucq, Eugenia Rodríguez Palop |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sirpa Pietikäinen, Caroline Roose |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 29 | + |
|---|---|
| PPE | David Casa, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Stelios Kympouropoulos, Sirpa Pietikäinen, Maria Walsh |
| Renew | Jordi Cañas, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Max Orville, Dragoş Pîslaru, Monica Semedo |
| S&D | João Albuquerque, Marc Angel, Gabriele Bischoff, Milan Brglez, Klára Dobrev, Estrella Durá Ferrandis, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Aurore Lalucq, Daniela Rondinelli, Marianne Vind |
| The Left | Eugenia Rodríguez Palop, Nikolaj Villumsen |
| Verts/ALE | Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Kira Marie Peter-Hansen, Caroline Roose |

| 4 | - |
|---|---|
| ECR | Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Rafalska, Pirkko Ruohonen-Lerner |
| ID | Dominique Bilde |

| 10 | 0 |
|---|---|
| ECR | Chiara Gemma |
| ID | Elena Lizzi |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Jarosław Duda, Helmut Geuking, Miriam Lexmann, Romana Tomc, Tomáš Zdechovský |
| S&D | Ilan De Basso |
| The Left | Özlem Demirel |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEURS HAVE RECEIVED INPUT

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur Esther de Lange and the rapporteur Margarida Marques declare that they have received input from the following entities or persons in the preparation of the report, until the adoption thereof in committee:

Table 1. Input received by **Esther de Lange**

| Entity and/or person |
|---|
| European Trade Union Confederation |
| European Environmental Bureau |
| Finance Watch |
| Social Platform |
| Business Europe |
| Sustainable Finance Lab |
| European Commission |
| European Central Bank |
| Dutch Ministry of Finance / Permanent Representation to the EU |
| German Ministry of Finance / Permanent Representation to the EU |
| Spanish Ministry of Finance / Permanent Representation to the EU |
| Portuguese Ministry of Finance / Permanent Representation to the EU |
| Danish Ministry of Finance / Permanent Representation to the EU |
| French Ministry of Finance / Permanent Representation to the EU |
| European Fiscal Board |
| Slovakian Ministry of Finance / Permanent Representation to the EU |
| Representation of Flanders to the EU |
| European Economic and Social Committee |
| Belgian Ministry of Finance / Permanent Representation to the EU |

Table 2. Input received by **Margarida Marques**

| Entity and/or person |
|---|
| EU PRES SPAIN |
| EU PRES BELGIUM |
| European Commission |
| Council of the European Union |
| PERM REP ES / Finance Ministry |
| PERM REP BE / Finance Ministry |
| PERM REP FR / Finance Ministry |
| PERM REP SK /Finance Ministry |
| PERM REP PT / Finance Ministry |
| PERM REP NL / Finance Ministry |

| |
|---|
| PERM REP DE / Finance Ministry |
| Bruegel |
| Dezernat Zukunft |
| European Fiscal Board |
| Conselho de Finanças Publicas (PT Independent Financial Institution) |
| Foundation for European Progressive Studies |
| CEPS Think Tank |
| European Trade Union Confederation |
| Solidar |
| Finance Watch |
| Climate Action Network |
| German Council on Foreign Relations |
| Friedrich-Ebert Foundation |

The lists above are drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteurs.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Comhordú éifeachtach ar bheartais eacnamaíocha agus ar fhaireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2023)0240 – C9-0150/2023 – 2023/0138(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 27.4.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>12.6.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL<br>12.6.2023 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL<br>14.9.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Esther de Lange 30.5.2023<br>Margarida Marques 30.5.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 7.11.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 11.12.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 34<br>–: 22<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Anna-Michelle Asimakopoulou, Manon Aubry, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Giuseppe Ferrandino, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, José Gusmão, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Billy Kelleher, Georgios Kyrtsos, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Csaba Molnár, Siegfried Mureşan, Caroline Nagtegaal, Denis Nesci, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Sirpa Pietikäinen, Eva Maria Poptcheva, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Marco Zanni |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Fabio Massimo Castaldo, Esther de Lange, Valérie Hayer, Eugen Jurzyca, Chris MacManus, Margarida Marques, Erik Poulsen, Bogdan Rzońca, Eleni Stavrou |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, François Alfonsi, Theresa Bielowski, Sara Cerdas, Marie Dauchy, Andor Deli, Daniel Freund, Łukasz Kohut, Jeroen Lenaers, Lydie Massard, Maria Veronica Rossi, Vera Tax, Carlos Zorrinho |
| **Dáta don chur síos** | 15.12.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 34 | + |
|---|---|
| ECR | Bogdan Rzońca |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Esther de Lange, Jeroen Lenaers, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Sirpa Pietikäinen, Ralf Seekatz, Eleni Stavrou |
| Renew | Gilles Boyer, Giuseppe Ferrandino, Valérie Hayer, Billy Kelleher, Georgios Kyrtsos, Caroline Nagtegaal, Eva Maria Poptcheva |
| S&D | João Albuquerque, Theresa Bielowski, Sara Cerdas, Jonás Fernández, Eero Heinäluoma, Łukasz Kohut, Margarida Marques, Pedro Marques, Csaba Molnár, Vera Tax, Carlos Zorrinho |

| 22 | - |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Eugen Jurzyca, Denis Nesci, Dorien Rookmaker |
| ID | Marie Dauchy, Antonio Maria Rinaldi, Maria Veronica Rossi, Marco Zanni |
| NI | Fabio Massimo Castaldo, Lefteris Nikolaou-Alavanos |
| Renew | Engin Eroglu |
| S&D | Aurore Lalucq |
| The Left | Manon Aubry, José Gusmão, Chris MacManus |
| Verts/ALE | François Alfonsi, Rasmus Andresen, Daniel Freund, Philippe Lamberts, Lydie Massard, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen |

| 3 | 0 |
|---|---|
| NI | Andor Deli |
| Renew | Erik Poulsen |
| S&D | Joachim Schuster |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh